

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 194



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

2 Lúnasa 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1580 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena leasaítear den 338ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1581 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núiosaigh 'oiléaroisín ar chuid mhór astaxantine ó algaí *Haematococcus pluvialis*' <sup>(1)</sup> ..... 4
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1582 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núiosaigh Salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3) <sup>(1)</sup> ..... 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1583 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatra-ós (foinse mhiocróbach) <sup>(1)</sup> ..... 13
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1584 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2023 maidir le bearta chun bunú agus leathadh *Popillia japonica* Newman a chosc agus maidir le bearta chun an lotnaid sin a dhíothú agus a smachtú laistigh de limistéir chríochaithe áirithe de chríoch an Aontais ..... 17

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNÍ

- ★ **Cinneadh Uimh. 253 Bord Bainistíochta Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir le rialacha inmheánacha a bhaineann le srianta ar chearta áirithe ábhair sonraí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh [2023/1585] .....** 39
- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023 maidir le caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndrúchtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .....** 45
- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1587 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1668 a mhéid a bhaineann le caighdeán chomhchuibhithe maidir le ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála le haghaidh trealamh leictreach chun ocsaigin a bhrath agus a thomhas <sup>(1)</sup> .....** 134

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1580 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2023

**lena leasaítear den 338ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIII (Da'esh) agus Al-Qaida**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIII (Da'esh) agus Al-Qaida <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.
- (2) An 21 Iúil 2023 chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dhá iontráil i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo a leasú.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*Thar ceann an Uachtaráin*  
*Ard-Stiúrthóir*  
*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,*  
*Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margái Caipitil*

---

## IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine nádúrtha’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

- (a) ‘Yazid Sufaat (alias (a) Joe, (b) Abu Zufar). Seoladh: (a) Taman Bukit Ampang, Selangor, An Mhalaeisia (seoladh roimhe sin) (b) An Mhalaeisia. Dáta breithe: 20.1.1964. Áit bhreithe: Johor, An Mhalaeisia. Náisiúntacht: Malaesiach. Uimhir phas: A 10472263. Uimhir aitheantas náisiúnta: 640120-01-5529. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 9.9.2003.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Yazid Sufaat (comhainm ar chaighdeán íseal: (a) Joe, (b) Abu Zufar). Seoladh: (a) Taman Bukit Ampang, Stát Selangor, An Mhalaeise (seoladh roimhe sin) (b) An Mhalaeise (i bpríosún ó 2013 go 2019). Dáta breithe: 20.1.1964. Áit bhreithe: Johor, An Mhalaeisia. Náisiúntacht: Malaesiach. Uimhir phas: A 10472263. Uimhir aitheantas náisiúnta: 640120-01-5529. Eolas eile: Comhalta bunaidh de Jemaah Islamiyah (JI) a d’oibrigh ar chlár arm bitheolaíoch Al-Qaida, a thug tacaíocht dóibh siúd a bhí bainteach le hionsaithe Al-Qaida an 11 Meán Fómhair 2001 i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus a bhí bainteach le hoibríochtaí buamála JI. Coinníodh sa Mhalaeisia é ó 2001 go 2008. Gabhadh é sa Mhalaeisia in 2013 agus gearradh téarma 7 mbliana air i mí Eanáir 2016 toisc nár thuairiscigh sé faisnéis maidir le gníomhartha sceimhlitheoireachta. Tháinig deireadh lena thréimhse coinneála an 20 Samhain 2019. Chaith sé thréimhse dhá bhliain faoi ordú cónaithe shriantaigh in Selangor na Malaesia go dtí an 21 Samhain 2021. Grianghraif curtha i bhFógra Speisialta Chomhairle Slándála INTERPOL-NA. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 9.9.2003.’

- (b) ‘Faysal Ahmad Bin Ali Al-Zahrani (alias (a) Faisal Ahmed Ali Alzahrani, (b) Abu Sarah al-Saudi (c) Abu Sara Zahrani). Dáta breithe: 19.1.1986. Náisiúntacht: An Araib Shádach. Seoladh: Poblacht Arabach na Siria. Uimhir phas: (a) K142736 (Pas Sádach, eisithe an 14.7.2011 in Al-Khafji, An Araib Shádach), (b) Uimhir aitheantais náisiúnta G579315 de chuid na hAraibe Sádaí. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 20.4.2016.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Faysal Ahmad Bin Ali Al-Zahrani (comhainm ar ardchaighdeán: Faisal Ahmed Ali Alzahrani; comhainm ar chaighdeán íseal: a) Abu Sarah al-Saudi, b) Abu Sara Zahrani). Dáta breithe: 19.1.1986. Náisiúntacht: An Araib Shádach. Seoladh: Poblacht Arabach na Siria. Uimhir phas: (a) K142736 (Pas Sádach, eisithe an 14.7.2011 in Al-Khafji, An Araib Shádach), (b) Uimhir aitheantais náisiúnta de chuid na hAraibe Sádaí G579315. Eolas eile: D’éag sé, de réir tuairiscí. Ba é a bhí ann príomhoifigeach ranna ola agus gáis an Stáit Ioslamaigh san Iaráic agus sa Leiveain (SIIL), a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic, le haghaidh Gobharnóireacht Al Barakah, Poblacht Arabach na Siria, ó mhí na Bealtaine 2015. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 20.4.2016.’

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1581 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Lúnasa 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núosaigh ‘oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*’**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfadh ach bianna núosacha a údaraítear agus atá curtha ar liosta an Aontais de bhianna núosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núosacha údaraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (3) Áirítear oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* mar bhia núosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.
- (4) Údaraíodh an bia núosach ‘oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*’ de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> lena úsáid i bhforbhianna atá ceaptha lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne, de réir mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>. Is iad uasleibhéil údaraithe an bhia núosaigh 40-80 mg/lá d’oiléaroisín, arb é ≤ 8 mg d’astaxaintin in aghaidh an lae atá ann mar thoradh orthu sin.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1377 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>, leasaíodh coinníollacha úsáide an bhia núosaigh oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*. Go háirithe, tá úsáid an bhia núosaigh i bhforbhianna ina bhfuil 40-80 mg d’oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* a chomhfhreagraíonn do leibhéil astaxaintine suas le 8 mg teoranta do dhaoine fásta agus do dhéagóirí os cionn 14 bliana d’aois. Bhí an leasú bunaithe ar thuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ‘Sábháilteacht astaxaintine maidir lena húsáid mar bhia núosach i bhforbhianna’ <sup>(6)</sup>, tuairim inar thángthas ar an gconclúid maidir le sábháilteacht na leibhéil astaxaintine suas le 8 mg le haghaidh an phobail atá níos sine ná 14 bliana d’aois agus le haghaidh an phobail sin amháin.

<sup>(1)</sup> IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núosacha agus comhábhair núosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dlhlithe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1377 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena n-údaraítear an t-athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núosaigh oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 297, 20.8.2021, lch. 20).

<sup>(6)</sup> Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí, *Safety of astaxanthin for its use as a novel food in food supplements* [Tuairim eolaíoch faoi shábháilteacht na hastaxaintine i ndáil lena húsáid mar bhia núosach i bhforbhianna]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(2):5993.

- (6) An 15 Nollaig 2022, chuir an chuideachta Comhlachas na nAlgaí Nádúrtha Astaxaintine ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, iarratas ar athrú ar choinníollacha úsáide oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*. D'iarr an t-iarratasóir ar úsáid an bhia núíosach i bhforbhianna atá ceaptha do leanaí idir 3 bliana d'aois agus faoi bhun 10 mbliana d'aois ag leibhéil 23 mg/lá d'oiléaroisín a leathnú (rud a chomhfhreagraíonn do suas le 2,3 mg/lá d'astaxaintin), agus d'fhorbhianna atá ceaptha do dhéagóirí atá idir 10 mbliana d'aois agus faoi bhun 14 bliana d'aois a bhfuil 57 mg/lá d'oiléaroisín ann (rud a chomhfhreagraíonn do suas le 5,6 mg/lá in d'astaxaintin).
- (7) Measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an athrú a iarradh ar choinníollacha úsáide oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Agus Iontógáil Laethúil Inghlactha ('ADI') astaxaintine de 0,2 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae agus iontógálacha astaxaintine ón aiste bia ginearálta mar a leagtar síos i dtuairim ón údarás a foilsíodh in 2020 á gcur san áireamh, bheadh iontógálacha astaxaintine nach mó ná an ADI mar thoradh ar iontógáil astaxaintine a thagann ó fhorbhianna mar atá molta ag an iarratasóir.
- (8) Is leor an foras atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar choinníollacha úsáide oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhorbheas.
- (9) I gcomhréir leis an athrú ar na coinníollacha úsáide forbhianna ina bhfuil leibhéil éagsúla oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* de réir spriocghrúpaí an phobail, is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas trí bhíthin lipéadú iomchuí nár cheart do ghrúpaí den phobal nach bhfuil na forbhianna ina bhfuil an bia núíosach beartaithe dóibh iad a thomhailt, agus nár cheart do naíonáin ná leanaí óga iad a thomhailt. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais bhreise lipéadaithe a leagan síos chun úsáid ghaolmhaireachta d'fhorbhianna astaxaintine a chosc, úsáid ar dócha di an iontógáil laethúil inghlactha arna leagan síos ag an Údarás a shárú.
- (10) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin agus chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí gnólachtaí chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart idirthréimhsí a leagan síos chun go gcumhdófar forbhianna ina bhfuil  $\leq 8,0$  mg d'astaxaintin a cuireadh ar an margadh nó a seoladh ó thríú tíortha chuig an Aontas agus atá ceaptha lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Sna bearta idirthréimhseacha sin ba cheart sábháilteacht na dtomhaltóirí a chur san áireamh tríd an bhfaisnéis faoin úsáid iomchuí a sholáthar i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 2

1. Forbhianna ina bhfuil  $\leq 8,0$  mg d'astaxaintin agus atá ceaptha lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí an dáta ar fearr iad roimhe nó a ndáta éaga.

2. Forbhianna ina bhfuil  $\leq 8,0$  mg d'astaxaintin agus atá ceaptha lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois agus a allmhairíodh isteach san Aontas, féadfar iad a mhargú go dtí an dáta ar fearr iad roimhe nó a ndáta éaga nuair is féidir le hallmhaireoir an bhia sin a léiriú gur seoladh iad ón tríú tír lena mbaineann agus go raibh siad ar an mbealach chuig an Aontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

—



## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh ‘Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*’ i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe):

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfadh an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
‘Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí <i>Haematococcus pluvialis</i>	<i>Catagóir shonraithe bhia</i>	<i>Uasleibhéil astaxaintine</i>	Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é “Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí <i>Haematococcus pluvialis</i> ” an t-ainmniú a bheidh air Ar lipéadú forbhianna ina bhfuil oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí <i>Haematococcus pluvialis</i> , beidh ráiteas orthu ina luafar na cásanna seo a leanas nár cheart iad a chaitheamh: a) i gcás ina nglactar na forbhianna sin lá a bheadh forbhianna eile ina bhfuil eistir astaxaintine á nglacadh freisin b) i gcás ina gcaitheann naíonáin agus leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois iad c) i gcás ina gcaitheann naíonáin agus leanaí faoi bhun 10 mbliana d’aois iad (*) d) i gcás ina gcaitheann naíonáin, leanaí agus déagóirí faoi bhun 14 bliana d’aois iad (*).	
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas naíonáin agus leanaí óga	2,3 mg d’astaxaintin in aghaidh an lae do leanaí idir 3 bliana d’aois agus faoi bhun 10 mbliana d’aois		
		5,7 mg d’astaxaintin in aghaidh an lae do dhéagóirí idir 10 mbliana d’aois agus faoi bhun 14 bliana d’aois		
	8 mg d’astaxaintin in aghaidh an lae don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d’aois			

(\*) De réir an aoisghrúpa a bhfuil an forbhia ceaptha dó.’

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1582 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Lúnasa 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núosaigh Salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfadh ach bianna núosacha a údaraítear agus atá curtha ar liosta an Aontais de bhianna núosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, údaraíodh salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a fhaightear trí choipeadh miocróbach agus úsáid á baint as an tréithchineál géinmhodhnaithe K-12 DH1 de *Escherichia coli* ('*E. coli*') a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/113 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> údaraíodh salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a fhaightear trí choipeadh miocróbach agus úsáid á baint as na tréithchineálacha díorthacha géinmhodhnaithe de *E. coli* BL21(DE3) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283.
- (5) An 8 Feabhra 2023, chuir an chuideachta Chr. Hansen A/S ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar athrú ar na coinníollacha úsáide salainn sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis (3'-SL'), rud a fhaightear trí choipeadh miocróbach ina n-úsáidtear tréithchineálacha díorthacha géinmhodhnaithe (tréithchineál táirgthe agus tréithchineál díghrádúcháin roghnach) de *E. coli* BL21(DE3). D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí méadú ar uasleibhéil salainn sóidiam 3'SL a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, ón uasleibhéal

<sup>(1)</sup> IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2021 lena n-údaraítear salann sóidiam 3'-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 31, 29.1.2021, lch. 201).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/113 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2023 lena n-údaraítear salann sóidiam 3'-siailiol-lachtóis arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha *Escherichia coli* BL21(DE3) a chur ar an margadh mar bhia núosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 (IO L 15, 17.1.2023, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

údaraithe 0,23 g/kg nó 1 atá ann faoi láthair go huasleibhéal 0,28 g/kg nó 1, agus chun úsáid salainn sóidiam 3'SL i bhforbhianna a leathnú mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup> atá ceaptha do naíonáin agus do leanaí óga ag leibhéal 0,28 g/lá. Ina dhiaidh sin, an 23 Márta 2023, mhodhnaigh an t-iarratasóir an iarraidh tosaigh san iarratas agus bhain sé úsáid salainn sóidiam 3'-SL a cheapar lena úsáid i bhforbhianna do naíonáin agus do leanaí óga de na húsáidí atá beartaithe.

- (6) Thug an t-iarratasóir údar leis an iarraidh ar na hathruithe atá beartaithe i gcoinníollacha úsáide salainn sóidiam 3'-SL i mbainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, mar mhodh chun leibhéal úsáide salainn sóidiam 3'-SL i mbainne foirmle agus na hiontógálacha atá mar thoradh orthu a thabhairt níos gaire do leibhéal 3'-SL a fhaightear go nádúrtha i mbainne daonna.
- (7) Measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais maidir leis an athrú ar choinníollacha úsáide salainn sóidiam 3'-SL a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *E. coli* BL21(DE3) mar atá molta ag an iarratasóir ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. I ndáil leis sin, an iontógáil de shalann sóidiam 3'-SL a bhfuil méadú beag tagtha air a bheadh mar thoradh ar an úsáid mhéadaithe de bhainne foirmle mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, bheadh sí níos ísle fós ná iontógálacha 3'-SL a thagann ó bhainne cíche a mheas an tÚdarás nach mbeadh ábhar imní i gceist leo sa tuairim uaidh in 2022 maidir le salann sóidiam 3'-SL a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *E. coli* BL21(DE3). <sup>(7)</sup> Measann an Coimisiún freisin gur cheart an méadú ar uasleibhéal salainn sóidiam 3'-SL i mbainne foirmle do naíonáin ó 0,23 g/kg nó 1 go 0,28 g/kg nó 1 a léiriú freisin i gcoinníollacha úsáide bianna do naíonáin agus do leanaí óga chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, mar tá na huasleibhéil salainn sóidiam 3'-SL sna bianna sin nasctha leis na huasleibhéil a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin.
- (8) Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim ón Údarás in 2022, tá forais leordhóthanacha ann chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar choinníollacha salainn sóidiam 3'-SL a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *E. coli* tréithchineál BL21(DE3) i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 agus ba cheart iad a fhormheas.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(6)</sup> Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

<sup>(7)</sup> *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(5):7331.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, Tábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis ('3'-SL') (a tháirgtear le tréithchineál díorthach de *E. coli* BL21(DE3)):

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint Sonraí
<b>Salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis ('3'-SL') (arna tháirgeadh ag tréithchineálacha díorthacha de <i>E. coli</i> BL21(DE3))</b>	<b>Catagóir shonraithe bhia</b>	<b>Uasleibhéil</b>	Is é 'salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis' ainmniú an bhia núíosáigh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu.		Údaraithe an 6 Feabhra 2023. Tá an cuimsiú sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhúlseánaigh agus ar shonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283.
	Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,28 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir	Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis (3'-SL), beidh ráiteas air (a) nár cheart do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois iad a thomhailt; (b) nár cheart iad a úsáid má dhéantar bianna eile ina bhfuil salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis curtha leo a thomhailt ar an lá céanna.		Iarratasóir: 'Chr. Hansen A/S', Boege Allé 10-12, 2970 Hoersholm, an Danmhairg. Is é Chr. Hansen A/S amháin atá údaraithe chun an bia núíosach salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosáigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhúlseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó 'Chr. Hansen A/S'.
	Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,28 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			Dáta deiridh na cosanta sonraí: an 6 Feabhra 2028.'
	Bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus do leanaí óga agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,28 g/L nó 0,28 g/kg sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena gcaitheamh ag leanaí óga	0,28 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			

<p>Bia chun críoch speisialta míochaine do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013</p>	<p>I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha áirithe na naíonán agus na leanaí óga a bhfuil na táirgí ceaptha dóibh ach nach mó, in aon chás, ná 0,28 g/L nó 0,28 g/kg sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir.</p>			
<p>Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, seachas bianna do naíonáin agus leanaí óga</p>	<p>I gcomhréir le ceanglais shonracha chothaithe na ndaoine a gceaptar na táirgí dóibh</p>			
<p>Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, don phobal i gcoitinne, seachas naíonáin agus leanaí óga</p>	<p>0,7 g/lá</p>			

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1583 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Lúnasa 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatra-ós (foinse mhicrobach)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núiosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núiosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núiosacha údaraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/375 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>, údaraíodh Lachta-N-neoiteatra-ós atá sintéisithe go céimiceach a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núiosaigh.
- (4) De bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97, an 1 Meán Fómhair 2016 chuir an chuideachta Glycom A/S an Coimisiún ar an eolas go raibh sé beartaithe aici Lachta-N-neoiteatra-ós ó fhoinse mhicrobach a tháirgtear le *Escherichia coli* géinmhodhnaithe, tréithchineál K-12, a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núiosaigh. Áiríodh Lachta-N-neoiteatra-ós de thionscnamh miocróbach a tháirgtear le *Escherichia coli* géinmhodhnaithe, tréithchineál K-12, i liosta an Aontais de bhianna núiosacha ar bhonn an fhógra sin nuair a bunaíodh liosta an Aontais.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1314 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> leasaíodh sonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatra-ós (foinse mhicrobach) a tháirgtear le *Escherichia coli* géinmhodhnaithe, tréithchineál K-12.
- (6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/912 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> leasaíodh sonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatra-ós (foinse mhicrobach) chun cead a thabhairt Lachta-N-neoiteatra-ós a tháirgtear trí chomhghníomhaíocht na dtréithchineálacha géinmhodhnaithe PS-LNnT-JBT agus DS-LNnT-JBT arna ndíorthú ó *Escherichia coli* tréithchineál BL21(DE3) a chur ar an margadh faoi na coinníollacha úsáide céanna leis na coinníollacha sin a údaraíodh cheana le haghaidh Lachta-N-neoiteatra-óis.

<sup>(1)</sup> IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núiosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núiosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/375 ón gCoimisiún an 11 Márta 2016 lena n-údaraítear Lachta-N-neoiteatra-ós a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núiosaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2016, lch. 22).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núiosacha agus comhábhar núiosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1314 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2019 lena n-údaraítear athruithe ar shonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatra-ós a tháirgtear le *Escherichia coli* K-12 faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 205, 5.8.2019, lch. 4).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/912 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear athruithe ar shonraíochtaí an bhia núiosaigh Lachta-N-neoiteatrós (foinse mhicrobach) agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 (IO L 199, 7.6.2021, lch. 10).

- (7) An 15 Samhain 2022, chuir an chuideachta Chr. Hansen A/S ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar athrú ar shonraíochtaí Lachta-N-neoiteatra-óis (foinse mhíocróbach) a tháirgtear le comhghníomhaíocht na dtréithchineálacha díorthacha PS-LNnT-JBT agus DS-LNnT-JBT de *Escherichia coli*, tréithchineál BL21(DE3). D'iarr an t-iarratasóir go gcuirfí an tagairt chineálach do na tréithchineálacha díorthacha géinmhodhnaithe PS-LNnT-JBT agus DS-LNnT-JBT de *Escherichia coli* BL21(DE3) a úsáidtear chun Lachta-N-neoiteatra-ós (foinse mhíocróbach) a tháirgeadh a chur in ionad na tagartha don dá thréithchineál. Ina theannta sin, d'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí athrú ar shonraíochtaí Lachta-N-neoiteatra-óis (foinse mhíocróbach) ionas gur féidir é a tháirgeadh agus úsáid á baint as tréithchineálacha díorthacha údaraithe de *Escherichia coli* K-12 agus/nó de *Escherichia coli* BL21(DE3) seachas é a tháirgeadh faoin mbealach teoranta atá ann faoi láthair, is é sin tréithchineál díorthach údaraithe de *Escherichia coli* K-12 nó tréithchineálacha díorthacha údaraithe de *Escherichia coli* BL21(DE3) a úsáid.
- (8) Thug an t-iarratasóir údar leis an iarraidh ar na hathruithe atá beartaithe ar shonraíochtaí Lachta-N-neoiteatra-óis (foinse mhíocróbach) chun an méid seo a leanas a chur in ionad na tagartha sonraí do PS-LNnT-JBT agus DS-LNnT-JBT de *Escherichia coli*, tréithchineál BL21(DE3): tagairt níos cineálaí do tháirgeadh agus do thréithchineálacha díghrádúcháin roghnacha a bheith mar bhealach níos cruinne chun tuairisc a thabhairt ar na feidhmeanna atá ag an dá tréithchineál féin sa phróiseas táirgeachta mar a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú orthu (<sup>(7)</sup>), agus mar mhodh chun go mbeidh níos mó solúbthachta ag an iarratasóir agus ag oibreoirí bia eile chun díorthaigh údaraithe *Escherichia coli* tréithchineál BL21(DE3) a úsáid i gcomhréir lena bhfeidhmeanna féin seachas a gcuid táirgeachta a theorannú do na tréithchineálacha díorthacha sonracha PS-LNnT-JBT agus DS-LNnT-JBT. Ina theannta sin, ó thaobh an iarratasóra de, leis an modhnú sin dhéanfaí sonraíochtaí údaraithe Lachta-N-neoiteatra-óis a tháirgtear le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli*, tréithchineál BL21(DE3) a ailniú le sonraíochtaí údaraithe bianna núíosacha eile a tháirgtear le táirgeadh *Escherichia coli* BL21(D3) agus a thréithchineálacha díorthacha díghrádúcháin roghnacha eile nach luaitear tréithchineálacha díorthacha sonracha iontu. Thug an t-iarratasóir údar leis an iarraidh ar úsáid meascán de thréithchineálacha díorthacha údaraithe de *Escherichia coli* a cheadú, is iad sin *Escherichia coli* K-12 agus/nó *Escherichia coli* BL21(DE3), mar mhodh breise chun go mbeidh níos mó solúbthachta ag an iarratasóir agus ag oibreoirí gnólachtaí bia eile chun tréithchineálacha díorthacha údaraithe de *Escherichia coli* a úsáid i dtáirgeadh Lachta-N-neoiteatra-óis.
- (9) Measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais maidir leis an athrú ar shonraíochtaí Lachta-N-neoiteatra-óis a mhol an t-iarratasóir ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Rinne an tÚdarás (<sup>(8)</sup>) measúnú dearfach ar mháthair-thréithchineálacha de *Escherichia coli* BL21(DE3) agus K-12 agus a dtréithchineálacha díorthacha géinmhodhnaithe a úsáidtear chun Lachta-N-neoiteatra-ós a tháirgeadh agus i gcomhthéacs fógra de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97, faoi seach. Le húsáid na dtréithchineálacha sin i dtáirgeadh Lachta-N-neoiteatra-óis mar aon le húsáid bhreise an tréithchineáil dhíorthaigh díghrádúcháin roghnaigh *Escherichia coli*, tréithchineál BL21(DE3) nó gan í, táirgfear Lachta-N-neoiteatra-ós i gcomhréir leis na sonraíochtaí údaraithe agus, dá bhrí sin, ní dhéanfar difear do phróifíl sábháilteachta an bhia núiosaigh údaraithe.
- (10) Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim thuasluaite ón Údarás, tá forais leordhóthanacha ann chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar shonraíochtaí Lachta-N-neoiteatra-óis (foinse mhíocróbach) i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 agus ba cheart iad a fhorghnais.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

(<sup>(7)</sup>) EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(11):6305.

(<sup>(8)</sup>) EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(11):6305.



TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, Tábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Lachta-*N*-neoiteatra-ós (foinse mhiocróbach):

<p><b>Lachta-<i>N</i>-neoiteatra-ós (foinse mhiocróbach)</b></p>	<p><b>Sainmhíniú</b>  Ainm ceimiceach: <math>\beta</math>-D-Galactaipioranóisil-(1 <math>\rightarrow</math> 4)-2-aicéataimíde-2-dí-ocsa-<math>\beta</math>-D-glúcaipioranóisil-(1 <math>\rightarrow</math> 3)-<math>\beta</math>-D-galactaipioranóisil-(1 <math>\rightarrow</math> 4)-D-glúcaipioranós  Foirmle cheimiceach: C<sub>26</sub>H<sub>45</sub>NO<sub>21</sub>  Uimh. CAS: 13007-32-4  An mhais mhóilíneach: 707,63 g/mol</p> <p><b>Tuairisc/Foinse</b>  Is púdar idir bán agus neasbhán Lachta-<i>N</i>-neoiteatra-ós a tháirgtear trí phróiseas micribhitheolaíoch agus úsáid á baint as an tréithchineál géinmhodhnaithe de <i>Escherichia coli</i> K-12, agus/nó de <i>Escherichia coli</i> BL21(DE3). Féadfar tréithchineál géinmhodhnaithe breise roghnach de <i>Escherichia coli</i> BL21(DE3) a úsáid sa phróiseas táirgeachta chun fotháirgí idirmheánacha carbaihiodráite agus na substráití carbaihiodráite tosaigh atá fágtha a dhíghrádú.</p> <p><b>Íonacht</b>  Measúnacht (saor ó uisce): <math>\geq</math> 80 %  D-Lachtós: <math>\leq</math> 10,0 %  Lacht-<i>N</i>-tríos II: <math>\leq</math> 3,0 %  <i>para</i>-Lacht-<i>N</i>-neoiheicseas: <math>\leq</math> 5,0 %  Isiméir fruchtós Lachta-<i>N</i>-neoiteatra-ós: <math>\leq</math> 1,0 %  Suim na saicrídí (Lachta-<i>N</i>-neoiteatra-ós, D-Lachtós, Lacht-<i>N</i>-tríos II, <i>para</i>-Lacht-<i>N</i>-neoiheicseas, isiméir fruchtós Lachta-<i>N</i>-neoiteatra-ós): <math>\geq</math> 92 % (% w/w ábhar tirim)  pH (20 °C, tuaslagán 5 %): 4,0-7,0  Uisce: <math>\leq</math> 9,0 %  Luaith, sulfáitithe: <math>\leq</math> 1,0 %  Tuaslagóirí iarmharacha (meatánól): <math>\leq</math> 100 mg/kg  Próitéiní iarmharacha: <math>\leq</math> 0,01 %</p> <p><b>Critéir mhicribhitheolaíocha</b>  Áireamh iomlán na mbaictéar aeróbach méisifileach: <math>\leq</math> 500 CFU/g  Giosta agus múnlaí: <math>\leq</math> 50 CFU/g  Iontocsainí iarmharacha: <math>\leq</math> 10 EU/mg  CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta; AE: Aonaid Iontocsaine'</p>
--	--

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1584 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Lúnasa 2023**

**maidir le bearta chun bunú agus leathadh *Popillia japonica* Newman a chosc agus maidir le bearta chun an lotnaid sin a dhíothú agus a smachtú laistigh de limistéir chríochaithe áirithe de chríoch an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE<sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (d), (e), (f), (g), (h) agus (i), agus Airteagal 28(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún<sup>(2)</sup>, i gCuid B d'Iarscríbhinn II, leagtar síos an liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais is eol a bheith ann i gcríoch an Aontais.
- (2) Áirítear *Popillia japonica* Newman ('an lotnaid shonraithe') sa liosta sin freisin, ós rud é gur eol dúinn iad a bheith i bpáirteanna áirithe de chríoch an Aontais. Is lotnaid pholafagach í a thuairiscítear go bhfuil tionchar aici ar roinnt mhaith speiceas éagsúil plandaí i gcríoch an Aontais.
- (3) Plandaí ar rogha óstach na lotnaide sonraithe iad ('na plandaí sonraithe'), ba cheart iad a liostú agus a bheith faoi réir beart áirithe maidir le díothú nó imshrianadh, de réir mar is infheidhme, sna criosanna inmhíolaithe.
- (4) Liostaítear an lotnaid shonraithe mar lotnaid tosaíochta freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702<sup>(3)</sup> ón gCoimisiún.
- (5) Chun a luathbhrath agus a díothú i gcríoch an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh, agus modhanna á n-úsáid acu i gcomhréir leis an bhfaisnéis eolaíoch agus theicniúil is déanaí. Is modh gabhála tábhachtach iad gaistí i ndáil leis an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais agus ba cheart úsáid fhairsing a bhaint astu. Ba cheart ar a laghad na plandaí is coitianta a fhaightear inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe ('plandaí sonraithe') a áireamh sna suirbhéanna bliantúla.
- (6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, caithfidh na Ballstáit plean teagmhais maidir le gach lotnaid tosaíochta a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta. Bunaithe ar an taithí ó ráigeanna roimhe seo, is gá rialacha sonracha a ghlacadh lena gcuirtear Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031 chun feidhme chun plean teagmhais cuimsitheach a áirithiú i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe san Aontas.
- (7) Chun an lotnaid shonraithe a dhíothú agus chun a leathadh i gcríoch an Aontais a chosc, ba cheart do na Ballstáit limistéir chríochaithe a bhunú arb é atá iontu crios inmhíolaithe agus crios maolánach, trí bhearta díothaithe a chur i bhfeidhm iontu. Ar a laghad 5 km ar leithead thar theorainn an limistéir inmhíolaithe ba cheart a bheith i gcrios maolánach, agus cumas leata na lotnaide sonraithe á cur san áireamh.

<sup>(1)</sup> IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coiníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8).

- (8) I gcásanna ina mbraitear an lotnaid shonraithe go haonarach, áfach, níor cheart é a bheith riachtanach limistéar críochaithe a bhunú má dhéantar an lotnaid shonraithe a dhíothú láithreach agus má tá fianaise ann gur inmhiolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach iad sa limistéar inar aimsíodh iad, nó má tá fianaise ann nár iolraigh an lotnaid shonraithe agus nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr. Is é sin an cur chuige is iomchuí, ar choinníoll go ndéantar suirbhéanna chun a dheimhniú nach ann don lotnaid shonraithe.
- (9) I limistéir áirithe de chríoch an Aontais, ní féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm chun an lotnaid sin a imshrianadh laistigh de na limistéir sin, seachas iad a dhíothú. Ba cheart cur chuige suirbhé dícheallach agus níos mó gníomhaíochtaí réamhchúraim a áirithiú leis na bearta sin, go príomha chun méid an chreasa inmhiolaithe agus an chreasa mhaolánaigh faoi seach a shainiú. Ba cheart leithead an chreasa mhaolánaigh i limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh a bheith ar a laghad 15 km thar theorainn an chreasa inmhiolaithe, atá níos leithne ná an crios maolánach i limistéir chríochaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu, chun leathadh na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le gach limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu é a ainmniú nó a mhodhnú, chun forléargas a thabhairt ar leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais. Is gá sin don athbhreithniú ar an Rialachán seo agus chun liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh a choimeád cothrom le dáta.
- (11) Chun a áirithiú go gcuirfear bearta díothaithe i bhfeidhm láithreach agus go gcuirfear cosc ar leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart na suirbhéanna ar na criosanna maolánacha a dhéanamh go bliantúil ag an tráth is iomchuí den bhliain agus ba cheart iad a dhéanamh le déine leordhóthanach, ag cur san áireamh go bhféadfadh na húdaráis inniúla faireachán breise a dhéanamh ar na plandaí sna criosanna inmhiolaithe le haghaidh imshrianadh.
- (12) Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sa Rialachán seo a bhaineann leis na pleananna teagmhais ón 1 Lúnasa 2023 chun am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit ábhar na bpleananna sin a ullmhú.
- (13) Na forálacha sa Rialachán seo a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh i limistéir chríochaithe ar bhonn threoirlínte ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca (\*), ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin ón 1 Eanáir 2025 maidir le suirbhéanna i limistéir chríochnaithe agus ón 1 Eanáir 2026 maidir le suirbhéanna ar chríoch an Aontais lasmuigh de limistéir chríochnaithe, chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla acmhainní leordhóthanacha a phleanáil, a ullmhú agus a leithdháileadh le haghaidh suirbhéanna den sórt sin.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Popillia japonica* Newman i gcríoch an Aontais, bearta maidir lena dhíothú má aimsítear é sa chríoch sin, agus bearta maidir lena imshrianadh mura féidir é a dhíothú a thuilleadh.

#### Airteagal 2

#### Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'lotnaid shonraithe' *Popillia japonica* Newman;

(\*) EFSA, Treoirlínte ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus bunaithe ar riosca, an 8 Meán Fómhair 2020, doi:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1919.

- (2) ciallaíonn ‘plandaí óstaigh’ plandaí le haghaidh plandú le meán fáis a bheartaítear chun beocht na bplandaí a chothú, seachas plandaí i saothrán fíocháin agus plandaí uisce;
- (3) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe’ na plandaí nó plandú le meán fáis a bheartaítear chun beocht na bplandaí a chothú, seachas plandaí i saothrán fíocháin agus plandaí uisce a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (4) ciallaíonn ‘limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh’ limistéar a liostaítear in Iarscríbhinn II, limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú uaidh;
- (5) ciallaíonn ‘an cárta suirbhé lotnaidí’ an ‘cárta suirbhé lotnaidí ar *Popillia japonica*’ <sup>(5)</sup> a d’fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’);
- (6) Ciallaíonn ‘treoirínte ginearálta maidir le suirbhéanna atá fóna ó thaobh staidrimh de agus bunaithe ar riosca’ ‘Treoirínte ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus bunaithe ar riosca’ a d’fhoilsigh an tÚdarás.

### Airteagal 3

#### Suirbhéanna ar chríoch an Aontais lasmuigh de limistéir chríochnaithe

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla maidir le láithreach na lotnaide sonraithe lasmuigh de na limistéir chríochaithe, sna limistéir den Aontas nach eol gur ann don lotnaid shonraithe, ach ina bhféadfadh sé go mbunófaí ann í, agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa chárta suirbhé lotnaidí á cur san áireamh.
2. Beidh scéim deartha agus samplála an tsuirbhé i gcomhréir leis na treoirínte ginearálta do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca, chun leibhéal íseal láithreachta na lotnaide sonraithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal leordhóthanach muiníne.
3. Déanfar na suirbhéanna:
  - (a) ar bhonn leibhéal an riosca fiteashláintíochta;
  - (b) sna réimsí riosca páirceanna faoin aer, úlloird/fíonghoirt, plandlanna, láithreáin phoiblí, limistéir ina bhfuil féar amháil páirceanna imeartha agus galfchúrsaí, limistéir thart ar aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid, chomh maith le i dtithe gloine agus ionaid gharráidóireachta, agus go háirithe i limistéir gar d’ais an ghréasáin iompair a dhéanann nasc le limistéir arb eol go bhfuil an lotnaid i láthair iontu;
  - (c) ag tráthanna iomchuí den bhliain maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath, agus bitheolaíocht na lotnaide sin agus láithreach sonraithe á gcur san áireamh.
4. Is éard a bheidh sna suirbhéanna:
  - (a) gaisteoireacht, baotí a úsáid chun an lotnaid shonraithe a mhealladh; agus
  - (b) scrúduithe amhairc ar na plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí.

### Airteagal 4

#### Pleananna teagmhais

1. Déanfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, foráil ina bpleananna teagmhais don mhéid seo a leanas:
  - (a) bearta chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, mar a leagtar amach in Airteagal 9;
  - (b) ceanglais speisialta maidir le plandaí óstacha a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072;
  - (c) nósanna imeachta chun úinéirí maoine príobháidí a shainiú, ar maoine iad ina gcaithfear bearta a chur i bhfeidhm i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe.

<sup>(5)</sup> EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2019. Cárta suirbhé lotnaide ar *Popillia japonica*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2019:EN-1568. 22pp. doi:10.2903/sp.efsa.2019.EN-1568.

2. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhais a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí, faoin 31 Nollaig gach bliain.

#### Airteagal 5

### Limistéir chríochaithe a bhunú

1. I gcás ina ndeimhnítear láithreach na lotnaide sonraithe go hoifigiúil, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar chríochaithe gan mhoill chun críche an lotnaid shonraithe a dhíothú.

2. I ndiaidh deimhniú oifigiúil maidir le láithreach na lotnaide sonraithe agus bunú an limistéir chríochaithe dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sna húdaráis inniúla, gan mhoill, leibhéal an inmhiolaithe a chinneadh trí scrúduithe amhairc leordhóthanacha agus gaiscí le baotí iontu a úsáid chun an lotnaid shonraithe a mhealladh.

3. Nuair a thagtar ar an gconclúid, bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 7, nó ar thorthaí na n-imscrúduithe dá dtagraítear i mír 2, gur amhlaidh, de bharr leibhéal an inmhiolaithe leis an lotnaid shonraithe, nach féidir í a dhíothú, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra láithreach don Choimisiún faoi mhionsonraí an limistéir chríochaithe nua le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu a ainmniú nó a mhodhnú, chun go n-áireofar limistéar den sórt sin sa liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh in Iarscríbhinn II.

4. Is é a bheidh sna limistéir chríochaithe na nithe seo a leanas:

(a) crios inmhiolaithe lena n-áirítear an limistéar inar deimhníodh láithreach na lotnaide sonraithe go hoifigiúil agus limistéar timpeall air atá ar a laghad ar leithead:

(i) 1 km i gcás limistéar chríochaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú;

(ii) 3 km i gcás limistéar chríochaithe chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh; agus

(b) crios maolánach atá ar a laghad ar leithead:

(i) 5 km thar theorainn an limistéir inmhiolaithe i gcás limistéar chríochaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú;

(ii) 15 km thar theorainn an limistéir inmhiolaithe i gcás limistéar chríochaithe chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh.

5. I dtéorannú an limistéir chríochaithe cuirfear san áireamh na prionsabail eolaíocha, bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, leibhéal an inmhiolaithe, dáileadh sonracha na bplandaí óstacha sa limistéar lena mbaineann agus an fhianaise maidir le bunú na lotnaide sonraithe ann.

6. Má dheimhnítear láithreach na lotnaide sonraithe lasmuigh den chrios inmhiolaithe, déanfar bearta díothaithe i gcomhréir le hAirteagal 9 agus déanfar teorannú an chreasa inmhiolaithe agus an chreasa mhaolánaigh a athbhreithniú agus a mhodhnú dá réir sin.

I gcás inar deimhníodh go hoifigiúil láithreach na lotnaide sonraithe i gcrios maolánach limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh, beidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031 go dtí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht ar leibhéal an inmhiolaithe sin. I gcás nach meastar gur féidir díothú a dhéanamh, beidh feidhm ag mír 3 den Airteagal seo.

7. Laistigh de na limistéir chríochaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla feacht an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta a glacadh chun a leathadh breise lasmuigh de na limistéir sin a chosc.

Áiríteoidh siad go bhfuil an pobal i gcoitinne agus na hoibreoírí gairmiúla ar an eolas faoi teorannú na limistéir chríochaithe.

*Airteagal 6***Maoluithe ar an oibleagáid maidir le limistéir chríochnaithe a bhunú**

1. De mhaolú ar Airteagal 5(1), féadfaidh na húdaráis inniúla rogha a dhéanamh gan limistéar críochaithe a bhunú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
  - (a) tá fianaise ann nár iolraigh an lotnaid shonraithe; agus
  - (b) tá fianaise ann:
    - (i) gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéar leis na plandaí ar ar braitheadh í agus go raibh na plandaí sin inmhiolaithe sular tugadh isteach iad sa limistéar lena mbaineann; nó
    - (ii) gur brath aonair atá i gceist agus nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid shonraithe dá dheasca.
2. I gcás ina gcuireann an t-údarás inniúil an maolú dá ndéantar foráil i mír 1 i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
  - (a) bearta chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go leathfadh sí a eisiáimh;
  - (b) an líon gaistí a threisiú láithreach, mar aon leis an minicíocht lena ndéantar na gaistí a sheiceáil sa limistéar sin;
  - (c) scrúdú amhairc a mhéadú láithreach chun a fháil amach an ann d'aoisigh den lotnaid shonraithe agus féarthalamh agus ithir a iniúchadh ag tráthanna iomchuí chun a fháil amach an ann do larbhaí den lotnaid shonraithe;
  - (d) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, déanfaidh sé suirbhé ar leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhiolaithe nó ar an áit inar aimsíodh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian le linn thréimhse eilte na lotnaide sonraithe;
  - (e) tionscnamh an inmhiolaithe a rianú siar a mhéid is féidir agus imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí atá bainteach leis an lotnaid a aimsiú a mhéid is féidir;
  - (f) feasacht an phobail a ardú maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe; agus
  - (g) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir leis na bearta díothaithe ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 9.

*Airteagal 7***Suirbhéanna bliantúla i limistéir chríochaithe**

1. Sna limistéir chríochnaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreach na lotnaide sonraithe a bhrath, agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa chárta suirbhé lotnaidí á cur san áireamh.
2. Beidh dearadh an tsuirbhé i gcomhréir leis na treoirlínte ginearálta do shuirbhéanna atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus tabharfaidh dearadh an tsuirbhé agus an scéim samplála a úsáidtear le haghaidh suirbhéanna braite ráthaíocht le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad maidir le láithreach 1 % den lotnaid shonraithe a bhrath.
3. Déanfar na suirbhéanna bliantúla:
  - (a) sna criosanna inmhiolaithe, i gcás limistéir chríochnaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu;
  - (b) sna criosanna maolánacha sna limistéir chríochaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu agus sna criosanna maolánacha sna limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh;
  - (c) i bpáirceanna faoin aer, úllóird/fionghoirt, foraoisí, plandlanna, gairdíní príobháideacha, láithreáin phoiblí, limistéir ina bhfuil féar amhail páirceanna imeartha agus galfchúrsaí, limistéir thart ar aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid, chomh maith le i dtithe gloine agus ionaid gharraíodóireachta, agus go háirithe i limistéir gar d'ais an ghréasáin iompair a dhéanann nasc le limistéir nach eol go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair iontu; agus
  - (d) ag tráthanna iomchuí den bhliain maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath, agus bitheolaíocht na lotnaide sonraithe agus láithreach plandaí sonraithe á gcur san áireamh.

4. Is éard a bheidh sna suirbhéanna bliantúla:
- (a) gaisteoireacht, baoití a úsáid chun an lotnaid shonraithe a mhealladh i gcás suirbhéanna a dhéantar sna criosanna inmhiolaithe sna limistéir chríochnaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu;
  - (b) scrúduithe amhairc ar na plandaí sonraithe;
  - (c) sampláil agus tástáil ithreach, chun labhaí na lotnaide sonraithe a bhrath.

*Airteagal 8*

**Deireadh a chur leis an gcríochú**

Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú nuair nár braithheadh an lotnaid shonraithe sa limistéar críochnaithe ar feadh trí bliana as a chéile ar a laghad, bunaithe ar na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 7.

*Airteagal 9*

**Bearta díothaithe**

1. Sna criosanna inmhiolaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéantar na bearta seo a leanas chun an lotnaid shonraithe a dhíothú:
- (a) in aghaidh aosach den lotnaid shonraithe, ar a laghad meascán de dhá cheann de na bearta seo:
    - (i) ollchóras gaisteoireachta le baoití, lena áirithítear díothú na lotnaide sonraithe trí mhodhanna iomchuí;
    - (ii) straitéis meallta agus maraithe;
    - (iii) an lotnaid shonraithe a ghabháil de láimh, lena áirithítear díothú na lotnaide sonraithe trí mhodhanna iomchuí;
    - (iv) cóireálacha ceimiceacha na bplandaí;
    - (v) rialú bitheolaíoch (amhail fungais fheithidphataigineacha nó aon rialú bitheolaíoch éifeachtach eile);
    - (vi) aon bheart eile ar cruthaíodh go heolaíoch gur éifeachtach é;
  - (b) in aghaidh labhaí na lotnaide sonraithe, ar a laghad meascán de dhá cheann de na bearta seo:
    - (i) cóireálacha iomchuí don ithir ina bhfuil labhaí na lotnaide sonraithe i láthair;
    - (ii) rialú bitheolaíoch (amhail fungais fheithidphataigineacha nó néimeatóidí feithidphataigineacha nó aon rialú bitheolaíoch éifeachtach eile);
    - (iii) toirmeasc ar uisciú féarthalamh le linn d'osaigh na lotnaide sonraithe teacht as an ithir agus le linn a dtréimhse eitilte;
    - (iv) muilleáil mheicniúil a úsáid chun labhaí san ithir a dhíothú ag tráthanna iomchuí den bhliain;
    - (v) féarthalamh atá inmhiolaithe go trom a dhíothú go háitiúil;
  - (c) le linn thréimhse eitilte na lotnaide sonraithe:
    - (i) bearta sonracha in aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid chun a áirithiú go gcoimeádtar an lotnaid shonraithe amach as aerárthaí, longa agus traenacha, bunaithe ar nósanna imeachta bainistíochta riosca sonracha, a cuireadh in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i scríbhinn; agus
    - (ii) toirmeasc ar smionagar plandaí neamhchóireáilte a aistriú amach ón gcrios inmhiolaithe, ach amháin sa chás go n-iompraítear é laistigh d'fheithiclí iata agus go ndéantar é a stóráil agus a mhúiríníú i saoráid faoi dhíon lasmuigh den chrios inmhiolaithe;
  - (d) toirmeasc ar aistriú an chisil uachtaraigh den ithir agus na ndamhnaí fáis úsáidte amach ón gcrios inmhiolaithe, ach amháin:
    - (i) i gcás ina raibh siad faoi réir bearta iomchuí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú nó chun inmhiólú na bplandaí sonraithe a chosc; nó
    - (ii) i gcás ina gcuirfear i líonadh talún go domhain iad faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil, agus iad á n-iompar laistigh d'fheithiclí iata, chun a áirithiú nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh.



2. Sna criosanna maolánacha, áiritheoidh na húdaráis inniúla go n-aistreofar an ciseal uachtarach den ithir, damhnaí fáis úsáidte agus smionagar plandaí neamhchóireáilte amach ón gcrios maolánach, a mhéid nach bhfuarthas go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair iontu agus sin amháin.

#### Airteagal 10

##### **Bearta imshrianta**

1. Sna criosanna inmhiolaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar na bearta seo a leanas chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh:

- (a) bearta chun láithreach na lotnaide sonraithe a rialú agus chun leathadh breise a sheachaint, trí chur chuige comhtháite, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na nithe a leanas:
  - (i) ollchóras gaisteoireachta le baotí, nó gabháil de láimh, lena áirithítear díothú na ngabhálacha trí mhodhanna iomchuí, nó straitéis meallta agus maraithé;
  - (ii) rialú bitheolaíoch amhail fungais fheithidphataigineacha nó le néimeatóidí feithidphataigineacha;
  - (iii) cóireáil cheimiceach na bplandaí agus/nó cóireáil iomchuí na hithreach;
  - (iv) muilleáil mheicniúil a úsáid chun larbhaí san ithir a dhíothú ag tráthanna iomchuí den bhliain;
  - (v) díothú meicniúil fásra ag láithreáin atá i mbaol;
- (b) le linn thréimhse eitle na lotnaide sonraithe:
  - (i) bearta sonracha in aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid chun a áirithiú go gcoimeádtar an lotnaid shonraithe amach as aerárthaí, longa agus traenacha, bunaithe ar nósanna imeachta bainistíochta riosca sonracha, a cuireadh in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i scríbhinn; agus
  - (ii) toirmeasc ar smionagar plandaí neamhchóireáilte a aistriú amach ón gcrios inmhiolaithe, ach amháin sa chás go n-iompraítear é laistigh d'fheithiclí iata agus go ndéantar é a stóráil agus a mhúirniú i saoráid faoi dhíon lasmuigh den chríos inmhiolaithe;
- (c) toirmeasc ar aistriú an chisil uachtaraigh den ithir agus an damhna fáis amach ón gcrios inmhiolaithe, ach amháin:
  - (i) i gcás ina raibh siad faoi réir bearta iomchuí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú nó chun inmhiólú na bplandaí sonraithe a chosc; nó
  - (ii) i gcás ina gcuirfear i líonadh talún go domhain iad faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil, agus iad á n-iompar laistigh d'fheithiclí iata, lena n-áirithítear nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh.

2. Sna criosanna maolánacha, áiritheoidh na húdaráis inniúla go n-aistreofar an ciseal uachtarach den ithir, damhnaí fáis úsáidte agus smionagar plandaí neamhchóireáilte amach ón gcrios maolánach, a mhéid nach bhfuarthas go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair agus sin amháin.

#### Airteagal 11

##### **Tuairisciú**

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile:

- (a) tuarascáil maidir leis na bearta a rinneadh i rith na bliana féilire roimhe sin de bhun an Rialacháin seo, agus maidir le torthaí na mbearta dá bhforáiltear in Airteagail 5 go 10;

- (b) torthaí na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 3, lasmuigh de na limistéir chríochaithe, i rith na bliana féilire roimhe sin, agus úsáid á baint as na teimpléid dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup>;
- (c) torthaí na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 7, sna limistéir chríochaithe, i rith na bliana féilire roimhe sin, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

#### *Airteagal 12*

#### **Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) ón 1 Eanáir 2026.

Beidh feidhm ag Airteagal 4 ón 1 Lúnasa 2023.

Beidh feidhm ag Airteagal 7(2) ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2020 maidir leis an bhformáid agus na treoracha le haghaidh na dtuarascálacha bliantúla maidir le torthaí na suirbhéanna agus maidir le formáid na gclár ilbhliantúil suirbhéireachta agus na socruithe praiticiúla, dá bhforáiltear faoi seach in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.8.2020, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN I

## LIOSTA PLANDAÍ SONRAITHE

<i>Acer</i> L.	<i>Melia</i> L.
<i>Actinidia</i> Lindley	<i>Morus</i> L.
<i>Aesculus</i> L.	<i>Oenothera</i> L.
<i>Alcea</i> L.	<i>Parthenocissus</i> Planch.
<i>Alnus</i> Mill.	<i>Persicaria</i> (L.) Mill.
<i>Althaea</i> L.	<i>Phaseolus</i> L.
<i>Ampelopsis</i> A.Rich. ex Michx.	<i>Platanus</i> L.
<i>Aronia</i> Medikus	<i>Poaceae</i> Barnhart
<i>Artemisia</i> L.	<i>Populus</i> L.
<i>Asparagus</i> Tourn. ex L.	<i>Prunus</i> L.
<i>Berchemia</i> Neck. ex DC.	<i>Pteridium</i> Gled. ex Scop.
<i>Betula</i> L.	<i>Pyrus</i> L.
<i>Carpinus</i> L.	<i>Quercus</i> L.
<i>Castanea</i> Mill.	<i>Reynoutria</i> Houutt.
<i>Clethra</i> L.	<i>Rheum</i> L.
<i>Convolvulus</i> L.	<i>Ribes</i> L.
<i>Corylus</i> L.	<i>Robinia</i> L.
<i>Crataegus</i> L.	<i>Rosa</i> L.
<i>Cyperaceae</i> Juss.	<i>Rubus</i> L.
<i>Dioscorea</i> L.	<i>Rumex</i> L.
<i>Fallopia</i> Lour.	<i>Salix</i> L.
<i>Filipendula</i> Mill.	<i>Sassafras</i> L. ex Nees
<i>Fragaria</i> L.	<i>Smilax</i> L.
<i>Glycine</i> Willd.	<i>Solanum</i> L.
<i>Hibiscus</i> L.	<i>Sorbus</i> L.
<i>Humulus</i> L.	<i>Tilia</i> L.
<i>Hypericum</i> Tourn. ex L.	<i>Toxicodendron</i> Mill.
<i>Juglans</i> L.	<i>Trifolium</i> Tourn. ex L.
<i>Kerria</i> D.C.	<i>Ulmus</i> L.
<i>Lagerstroemia</i> L.	<i>Urtica</i> L.
<i>Lythrum</i> L.	<i>Vaccinium</i> L.
<i>Malus</i> Mill.	<i>Vitis</i> L.
<i>Malva</i> Tourn. ex L.	<i>Wisteria</i> Nutt.
<i>Medicago</i> L.	<i>Zelkova</i> Spach

## IARSCRÍBHINN II

## LIOSTA NA LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE LE hAGHAIDH IMSHRIANADH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2, POINTE (4)

## 1. An Iodáil

Uimhir/ainm an limistéir chríochaithe (DA)	Crios an DA	Réigiún	Bardasachtaí nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile
1.	<b>Crios inmhíolaithe</b>	<b>Lombardia</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Bergamo</b> Ambivere, Arzago d'Adda, Bottanuco, Brembate, Brembate di Sopra, Brignano Gera d'Adda, Calusco d'Adda, Calvenzano, Canonica d'Adda, Capriate San Gervasio, Caprino Bergamasco, Caravaggio, Carvico, Casirate d'Adda, Castel Rozzone, Chignolo d'Isola, Cisano Bergamasco, Curno, Fara Gera d'Adda, Filago, Madone, Mapello, Medolago, Misano di Gera d'Adda, Mozzo, Ponte San Pietro, Pontida, Pontirolo Nuovo, Solza, Sotto il Monte Giovanni XXIII, Suisio, Terno d'Isola, Torre de' Busi, Treviglio, Valbrembo, Villa d'Adda.</p> <p><b>Provincia di Como</b> Albavilla, Albese con Cassano, Albiolo, Alserio, Alta Valle Intelvi, Alzate Brianza, Anzano del Parco, Appiano Gentile, Arosio, Asso, Beregazzo con Figliaro, Binago, Bizzarone, Blevio, Bregnano, Brenna, Brunate, Bulgarograsso, Cabiato, Cadorago, Campione d'Italia, Cantù, Canzo, Capiago Intimiano, Carate Urio, Carbonate, Carimate, Carugo, Caslino d'Erba, Casnate con Bernate, Cassina Rizzardi, Castelmarte, Castelnuovo Bozzente, Cermenate, Cernobbio, Cirimido, Colverde, Como, Cucciago, Erba, Eupilio, Faggeto Lario, Faloppio, Fenegrò, Figino Serenza, Fino Mornasco, Grandate, Guanzate, Inverigo, Laglio, Lambrugo, Lezzeno, Limido Comasco, Lipomo, Locate Varesino, Lomazzo, Longone al Segrino, Luisago, Lurago d'Erba, Lurago Marinone, Lurate Caccivio, Mariano Comense, Maslianico, Merone, Moltrasio, Monguzzo, Montano Lucino, Montorfano, Mozzate, Nesso, Novedrate, Olgiate Comasco, Oltrona di San Mamette, Orsenigo, Pognana Lario, Ponte Lambro, Proserpio, Pusiano, Rezzago, Rodero, Ronago, Rovellasca, Rovello Porro, San Fermo della Battaglia, Senna Comasco, Solbiate con Cagno, Tavernerio, Torno, Turate, Uggiate-Trevano, Valbrona, Valmorea, Veseo, Veniano, Vertemate con Minoprio, Villa Guardia.</p> <p><b>Provincia di Cremona</b> Agnadello, Bagnolo Cremasco, Capralba, Casaleto Ceredano, Chieve, Dovera, Monte Cremasco, Palazzo Pignano, Pandino, Pieranica, Quintano, Rivolta d'Adda, Sergnano, Spino d'Adda, Torlino Vimercati, Trescore Cremasco, Vaiano Cremasco, Vailate.</p> <p><b>Provincia di Lecco</b> Annone di Brianza, Barzago, Barzanò, Bosisio Parini, Brivio, Bulciago, Calco, Casatenovo, Cassago Brianza, Castello di Brianza, Cernusco Lombardone, Cesana Brianza, Civate, Colle Brianza, Costa Masnaga, Cremella, Dolzago, Ello, Garbagnate Monastero, Imbersago, La Valletta Brianza, Lomagna, Merate, Missaglia, Molteno, Monte Marenzo, Montevecchia, Monticello Brianza, Nibionno, Oggiono, Olgiate Molgora, Osnago, Paderno d'Adda, Robbiate, Rogeno, Santa Maria Hoè, Sirone, Sirtori, Suello, Valmadrera, Verderio, Viganò.</p>

		<p><b>Provincia di Lodi</b>  Abbadia Cerreto, Boffalora d'Adda, Borghetto Lodigiano, Borgo San Giovanni, Brembio, Casaletto Lodigiano, Casalmaiocco, Caselle Lurani, Castiraga Vidardo, Cavenago d'Adda, Cervignano d'Adda, Comazzo, Cornegliano Laudense, Corte Palasio, Crespiatica, Galgagnano, Graffignana, Livraga, Lodi, Lodi Vecchio, Mairago, Marudo, Massalengo, Merlino, Montanaso Lombardo, Mulazzano, Ossago Lodigiano, Pieve Fissiraga, Salerano sul Lambro, San Martino in Strada, Sant'Angelo Lodigiano, Secugnago, Sordio, Tavazzano con Villavesco, Turano Lodigiano, Valera Fratta, Villanova del Sillaro, Zelo Buon Persico.</p> <p><b>Città metropolitana di Milano</b>  Abbiategrosso, Albairate, Arconate, Arese, Arluno, Assago, Baranzate, Bareggio, Basiano, Basiglio, Bellinzago Lombardo, Bernate Ticino, Besate, Binasco, Boffalora sopra Ticino, Bollate, Bresso, Bubbiano, Buccinasco, Buscate, Bussero, Busto Garolfo, Calvignasco, Cambiago, Canegrate, Carpiano, Carugate, Casarile, Casorezzo, Cassano d'Adda, Cassina de' Pecchi, Cassinetta di Lugagnano, Castano Primo, Cernusco sul Naviglio, Cerro al Lambro, Cerro Maggiore, Cesano Boscone, Cesate, Cinisello Balsamo, Cisliano, Cologno Monzese, Colturano, Corbetta, Cormano, Cornaredo, Corsico, Cuggiono, Cusago, Cusano Milanino, Dairago, Dresano, Gaggiano, Garbagnate Milanese, Gessate, Gorgonzola, Grezzago, Gudo Visconti, Inveruno, Inzago, Lacchiarella, Lainate, Legnano, Liscate, Locate di Triulzi, Magenta, Magnago, Marcallo con Casone, Masate, Mediglia, Melegnano, Melzo, Mesero, Milano, Morimondo, Motta Visconti, Nerviano, Nosate, Novate Milanese, Noviglio, Opera, Ossona, Ozzero, Paderno Dugnano, Pantigliate, Parabiago, Paullo, Pero, Peschiera Borromeo, Pessano con Bornago, Pieve Emanuele, Pioltello, Pogliano Milanese, Pozzo d'Adda, Pozzuolo Martesana, Pregnana Milanese, Rescaldina, Rho, Robecchetto con Induno, Robecco sul Naviglio, Rodano, Rosate, Rozzano, San Colombano al Lambro, San Donato Milanese, San Giorgio su Legnano, San Giuliano Milanese, San Vittore Olona, San Zenone al Lambro, Santo Stefano Ticino, Sedriano, Segrate, Senago, Sesto San Giovanni, Settala, Settimo Milanese, Solaro, Trezzano Rosa, Trezzano sul Naviglio, Trezzo sull'Adda, Tribiano, Truccazzano, Turbigo, Vanzaghella, Vanzago, Vaprio d'Adda, Vermezzo con Zelo, Vernate, Vignate, Villa Cortese, Vimodrone, Vittuone, Vizzolo Predabissi, Zibido San Giacomo.</p> <p><b>Provincia di Monza e della Brianza</b>  Agrate Brianza, Aicurzio, Albiate, Arcore, Barlassina, Bellusco, Bernareggio, Besana in Brianza, Biassono, Bovisio-Masciago, Briosco, Brugherio, Burago di Molgora, Busnago, Camparada, Caponago, Carate Brianza, Carnate, Cavenago di Brianza, Ceriano Laghetto, Cesano Maderno, Cogliate, Concorezzo, Cornate d'Adda, Correzzana, Desio, Giussano, Lazzate, Lentate sul Seveso, Lesmo, Limbiate, Lissone, Macherio, Meda, Mezzago, Misinto, Monza, Muggiò, Nova Milanese, Ornago, Renate, Roncello, Ronco Briantino, Seregno, Seveso, Sovico, Sulbiate, Triuggio, Usmate Velate, Varedo, Vedano al Lambro, Veduggio con Colzano, Verano Brianza, Villasanta, Vimercate.</p> <p><b>Provincia di Pavia</b>  Alagna, Albaredo Arnaboldi, Albonese, Albuzzano, Arena Po, Badia Pavese, Bagnaria, Barbianello, Bascapè, Bastida Pancarana, Battuda, Belgioioso, Bereguardo, Borgarello, Borgo Priolo, Borgo San Siro, Borgoratto Mormorolo, Bornasco, Bosnasco, Breme, Bressana Bottarone, Broni, Calvignano, Campospinoso, Candia Lomellina, Canneto Pavese, Carbonara al Ticino, Casanova Lonati, Casatiska, Casei Gerola, Casorate Primo, Cassolnovo, Castana, Casteggio, Castelletto di Branduzzo, Castello d'Agogna, Castelnovetto, Cava Manara, Cecima, Ceranova, Ceretto Lomellina, Cergnago, Certosa di Pavia, Cervesina, Chignolo Po, Cigognola,</p>
--	--	--

		<p>Cilavegna, Codevilla, Colli Verdi, Confienza, Copiano, Corana, Cornale e Bastida, Corteolona e Genzone, Corvino San Quirico, Costa de' Nobili, Cozzo, Cura Carpignano, Dorno, Ferrera Erbognone, Filighera, Fortunago, Frascarolo, Galliavola, Gambarana, Gambolò, Garlasco, Gerenzago, Giussago, Godiasco Salice Terme, Golferenzo, Gravellona Lomellina, Gropello Cairoli, Inverno e Monteleone, Landriano, Langosco, Lardirago, Linarolo, Lirio, Lomello, Lungavilla, Magherno, Marcignago, Marzano, Mede, Mezzana Bigli, Mezzana Rabattone, Mezzanino, Miradolo Terme, Montalto Pavese, Montebello della Battaglia, Montecalvo Versiggia, Montescano, Montesegale, Montù Beccaria, Mornico Losana, Mortara, Nicorvo, Olevano di Lomellina, Oliva Gessi, Ottobiano, Palestro, Pancarana, Parona, Pavia, Pietra de' Giorgi, Pieve Albignola, Pieve del Cairo, Pieve Porto Morone, Pinarolo Po, Pizzale, Ponte Nizza, Portalbera, Rea, Redavalle, Retorbido, Rivanazzano Terme, Robbio, Robecco Pavese, Rocca de' Giorgi, Rocca Susella, Rognano, Roncaro, Rosasco, Rovescala, San Cipriano Po, San Damiano al Colle, San Genesio ed Uniti, San Giorgio di Lomellina, San Martino Siccomario, San Zenone al Po, Sannazzaro de' Burgondi, Sant'Alessio con Vialone, Sant'Angelo Lomellina, Santa Cristina e Bissone, Santa Giuletta, Santa Maria della Versa, Sartirana Lomellina, Scaldasole, Semiana, Silvano Pietra, Siziano, Sommo, Spessa, Stradella, Suardi, Torrazza Coste, Torre Beretti e Castellaro, Torre d'Arese, Torre d'Isola, Torre de' Negri, Torrevecchia Pia, Torricella Verzate, Travacò Siccomario, Trivolzio, Tromello, Trovo, Val di Nizza, Valeggio, Valle Lomellina, Valle Salimbene, Varzi, Vellezzo Lomellina, Vellezzo Bellini, Verretto, Verrua Po, Vidigulfo, Vigevano, Villa Biscossi, Villanova d'Ardenghi, Villanterio, Vistarino, Voghera, Volpara, Zavattarello, Zeccone, Zeme, Zenevredo, Zerbo, Zerbolò, Zinasco.</p> <p><b>Provincia di Varese</b>  Agra, Albizzate, Angera, Arcisate, Arsago Seprio, Azzate, Azzio, Barasso, Bardello, Bedero Valcuvia, Besano, Besnate, Besozzo, Biandronno, Bisuschio, Bodio Lomnago, Brebbia, Bregano, Brenta, Brezzo di Bedero, Brinzio, Brissago-Valtravaglia, Brunello, Brusimpiano, Buguggiate, Busto Arsizio, Cadegliano-Viconago, Cadrezzate con Osmate, Cairate, Cantello, Caravate, Cardano al Campo, Carnago, Caronno Pertusella, Caronno Varesino, Casale Litta, Casalzuigno, Casciago, Casorate Sempione, Cassano Magnago, Cassano Valcuvia, Castellanza, Castello Cabiaglio, Castelseprio, Castelvecchiana, Castiglione Olona, Castronno, Cavaria con Premezzo, Cazzago Brabbia, Cislago, Cittiglio, Clivio, Cocquio-Trevisago, Comabbio, Comerio, Cremenaga, Crosio della Valle, Cuasso al Monte, Cugliate-Fabiasco, Cunardo, Curiglia con Monteviasco, Cuveglio, Cuvio, Daverio, Dumenza, Duno, Fagnano Olona, Ferno, Ferrera di Varese, Gallarate, Galliate Lombardo, Gavirate, Gazzada Schianno, Gemonio, Gerenzano, Germignaga, Golasecca, Gorla Maggiore, Gorla Minore, Gornate Olona, Grantola, Inarzo, Induno Olona, Ispra, Jerago con Orago, Lavena Ponte Tresa, Laveno-Mombello, Leggiuno, Lonate Ceppino, Lonate Pozzolo, Lozza, Luino, Luvinata, Maccagno con Pino e Veddasca, Malgesso, Malnate, Marchirolo, Marnate, Marzio, Masciago Primo, Mercallo, Mesenzana, Montegrino Valtravaglia, Monvalle, Morazzone, Mornago, Oggiona con Santo Stefano, Olgiate Olona, Origgio, Orino, Porto Ceresio, Porto Valtravaglia, Rancio Valcuvia, Ranco, Saltrio, Samarate, Sangiano, Saronno, Sesto Calende, Solbiate Arno, Solbiate Olona, Somma Lombardo, Sumirago, Taino, Ternate, Tradate, Travedona-Monate, Tronzano Lago Maggiore, Uboldo, Valganna, Varano Borghi, Varese, Vedano Olona, Venegono Inferiore, Venegono Superiore, Vergiate, Viggìù, Vizzola Ticino.</p>
--	--	---

		<b>Piemonte</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Alessandria</b>  Alessandria, Alfiano Natta, Alluvioni Pivera, Altavilla Monferrato, Alzano Scrivia, Avolasca, Balzola, Bassignana, Bergamasco, Berzano di Tortona, Borgo San Martino, Borgoratto Alessandrino, Bosco Marengo, Bozzolo, Brignano-Frascata, Camagna Monferrato, Camino, Carbonara Scrivia, Carentino, Casal Cermelli, Casale Monferrato, Casalnoceto, Casasco, Castellar Guidobono, Castellazzo Bormida, Castelletto Merli, Castelletto Monferrato, Castelnuovo Scrivia, Cella Monte, Cereseto, Cerreto Grue, Cerrina Monferrato, Coniolo, Conzano, Felizzano, Frassinello Monferrato, Frassineto Po, Frugarolo, Fubine Monferrato, Gabiano, Giarole, Greliasco, Guazzora, Isola Sant'Antonio, Lu e Cuccaro Monferrato, Masio, Mirabello Monferrato, Molino dei Torti, Mombello Monferrato, Momperone, Moncestino, Monleale, Montecastello, Montegioco, Montemarzino, Morano sul Po, Murisengo, Occimiano, Odalengo Grande, Odalengo Piccolo, Olivola, Ottiglio, Oviglio, Ozzano Monferrato, Pecetto di Valenza, Pietra Marazzi, Pomaro Monferrato, Pontecurone, Pontestura, Ponzano Monferrato, Pozzolo Groppo, Pozzolo Formigaro, Quargnento, Quattordio, Rivarone, Rosignano Monferrato, Sala Monferrato, Sale, San Giorgio Monferrato, San Salvatore Monferrato, Sarezzano, Serralunga di Crea, Solero, Solonghella, Spineto Scrivia, Terruggia, Ticineto, Tortona, Trivelle, Valenza, Valmacca, Vignale Monferrato, Viguzzolo, Villadeati, Villamiroglio, Villanova Monferrato, Villaromagnano, Volpedo, Volpeglino.</p> <p><b>Provincia di Asti</b>  Asti, Calliano, Casorzo, Castagnole Monferrato, Castell'Alfero, Castello di Annone, Chiusano d'Asti, Corsione, Cossombrato, Frinco, Grana, Grazzano Badoglio, Moncalvo, Montemagno, Penango, Portacomaro, Refrancore, Robella, Scurzolengo, Tonco, Viarigi, Villa San Secondo.</p> <p><b>Provincia di Biella</b>  Ailoche, Andorno Micca, Benna, Biella, Bioglio, Borriana, Brusnengo, Callabiana, Camandona, Camburzano, Campiglia Cervo, Candelo, Caprile, Casapinta, Castelletto Cervo, Cavaglià, Cerrione, Coggiola, Cossato, Crevacuore, Curino, Donato, Dorzano, Gaglianico, Giffenga, Graglia, Lessona, Magnano, Massazza, Masserano, Mezzana Mortigliengo, Miagliano, Mongrando, Mottalciata, Muzzano, Netro, Occhieppo Inferiore, Occhieppo Superiore, Pettinengo, Piatto, Piedicavallo, Pollone, Ponderano, Portula, Pralungo, Pray, Quaregna Cerreto, Ronco Biellese, Roppolo, Rosazza, Sagliano Micca, Sala Biellese, Salussola, Sandigliano, Sordevolo, Sostegno, Strona, Tavigliano, Ternengo, Tollegno, Torrazzo, Valdengo, Valdilana, Vallanzengo, Valle San Nicolao, Veglio, Verrone, Vigliano Biellese, Villa del Bosco, Villanova Biellese, Viverone, Zimone, Zubiena, Zumaglia.</p> <p><b>Provincia di Novara</b>  Agrate Conturbia, Ameno, Armeno, Arona, Barengo, Bellinzago Novarese, Biandrate, Boca, Bogogno, Bolzano Novarese, Borgo Ticino, Borgolavezzaro, Borgomanero, Briga Novarese, Briona, Caltignaga, Cameri, Carpignano Sesia, Casalbeltrame, Casaleggio Novara, Casalino, Casalvolone, Castellazzo Novarese, Castelletto sopra Ticino, Cavaglietto, Cavaglio d'Agogna, Cavallirio, Cerano, Colazza, Comignago, Cressa, Cureggio, Divignano, Dormelletto, Fara Novarese, Fontaneto d'Agogna, Galliate, Garbagna Novarese, Gargallo, Gattico-Veruno, Ghemme, Gozzano, Granozzo con Monticello, Grignasco, Invorio, Landiona, Lesa, Maggiora, Mandello Vitta, Marano Ticino, Massino Visconti, Meina, Mezzomerico, Miasino, Momo, Nebbiuno, Nibbiola, Novara, Oleggio, Oleggio Castello, Orta San Giulio, Paruzzaro, Pella, Pettenasco, Pisano, Pognò, Pombia, Prato Sesia, Recetto, Romagnano Sesia, Romentino, San Maurizio d'Opaglio, San Nazzaro Sesia, San Pietro Mosezzo, Sillavengo, Sizzano, Soriso, Sozzago,</p>
--	--	-----------------	---

		<p>Suno, Terdobbiato, Tornaco, Trecate, Vaprio d'Agogna, Varallo Pombia, Vespolate, Vicolungo, Vinzaglio.</p> <p><b>Città metropolitana di Torino</b>  Albiano d'Ivrea, Andrate, Azeglio, Banchette, Barone Canavese, Bollengo, Borgofranco d'Ivrea, Borgomasino, Brandizzo, Brozolo, Brusasco, Burolo, Caluso, Candia Canavese, Caravino, Carema, Cascinette d'Ivrea, Castiglione Torinese, Cavagnolo, Chiaverano, Chivasso, Collettero Giacosa, Cossano Canavese, Fiorano Canavese, Foglizzo, Gassino Torinese, Ivrea, Leini, Lessolo, Loranze, Maglione, Mappano, Mazze, Mercenasco, Montalto Dora, Montanaro, Monteu da Po, Nomaglio, Orio Canavese, Palazzo Canavese, Parella, Pavone Canavese, Piverone, Quassolo, Quincinetto, Romano Canavese, Rondissone, Salerano Canavese, Samone, San Benigno Canavese, San Mauro Torinese, San Raffaele Cimena, Scarmagno, Sciolze, Settimo Rottaro, Settimo Torinese, Settimo Vittone, Strambino, Tavagnasco, Torrazza Piemonte, Verolengo, Verrua Savoia, Vestignè, Villareggia, Vische, Volpiano.</p> <p><b>Provincia del Verbano-Cusio-Ossola</b>  Anzola d'Ossola, Arizzano, Arola, Baveno, Bee, Belgirate, Beura-Cardezza, Brovello-Carpugnino, Cambiasca, Cannero Riviera, Casale Corte Cerro, Cesara, Cossogno, Crevaladossola, Crodo, Domodossola, Germagno, Ghiffa, Gignese, Gravellona Toce, Loreglia, Madonna del Sasso, Massiola, Mergozzo, Miazzina, Nonio, Oggebbio, Omegna, Ornavasso, Pieve Vergonte, Premeno, Premosello-Chiovenda, Quarna Sopra, Quarna Sotto, San Bernardino Verbano, Stresa, Trontano, Valstrona, Verbania, Vignone, Vogogna.</p> <p><b>Provincia di Vercelli</b>  Albano Vercellese, Alice Castello, Arborio, Asigliano Vercellese, Balmuccia, Balocco, Bianze, Borgo d'Ale, Borgo Vercelli, Borgosesia, Buronzo, Caresana, Caresanablot, Carisio, Casanova Elvo, Cellio con Breia, Cervatto, Cigliano, Civiasco, Collobiano, Costanzana, Cravagliana, Crescentino, Crova, Desana, Fobello, Fontanetto Po, Formigliana, Gattinara, Ghislarengo, Greggio, Guardabosone, Lamporo, Lenta, Lignana, Livorno Ferraris, Lozzolo, Moncrivello, Motta de' Conti, Olcenengo, Oldenico, Palazzolo Vercellese, Pertengo, Pezzana, Pila, Piode, Postua, Prarolo, Quarona, Quinto Vercellese, Rassa, Rimella, Rice, Roasio, Ronsecco, Rossa, Rovasenda, Salasco, Sali Vercellese, Saluggia, San Germano Vercellese, San Giacomo Vercellese, Santhià, Scopa, Scopello, Serravalle Sesia, Stroppiana, Tricerro, Trino, Tronzano Vercellese, Valduggia, Varallo, Vercelli, Villarboit, Villata, Vocca.</p>
	<b>Emilia-Romagna</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:  <b>Provincia di Piacenza</b>  Alta Val Tidone, Borgonovo Val Tidone, Castel San Giovanni, Ziano Piacentino.</p>
	<b>Valle d'Aosta</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:  <b>Provincia di Aosta</b>  Arnad, Brissogne, Donnas, Montjovet, Pollein, Quart, Saint-Christophe, Verrès.</p>



Crios maolánach	<b>Lombardía</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Bergamo</b>  Albano Sant’Alessandro, Albino, Algua, Almè, Almenno San Bartolomeo, Almenno San Salvatore, Alzano Lombardo, Antegnate, Arcene, Aviatico, Azzano San Paolo, Bagnatica, Barbata, Bariano, Barzana, Bonate Sopra, Bonate Sotto, Berbenno, Bergamo, Bello, Bolgare, Boltiere, Bonate Sopra, Bonate Sotto, Bracca, Brumano, Brusaporto, Calcinata, Calcio, Capizzone, Carobbio degli Angeli, Cavernago, Cenate Sopra, Cenate Sotto, Chiuduno, Ciserano, Civate, Cologno al Serio, Comun Nuovo, Corna Imagna, Cortenuova, Costa di Mezzate, Costa Serina, Costa Valle Imagna, Covo, Dalmine, Fara Olivana con Sola, Fontanella, Forno San Giovanni, Fuiplano Valle Imagna, Ghisalba, Gorlago, Gorle, Grassobbio, Isso, Lallio, Levate, Locatello, Lurano, Martinengo, Montello, Morengo, Mornico al Serio, Mozzanica, Nembro, Orio al Serio, Osio Sopra, Osio Sotto, Pagazzano, Paladina, Palazzago, Palosco, Pedrengo, Pognano, Ponteranica, Pradalunga, Presezzo, Pumenengo, Ranica, Romano di Lombardia, Roncola, Rota d’Imagna, San Giovanni Bianco, San Paolo d’Argon, San Pellegrino Terme, Sant’Omobono Terme, Scanzorosciate, Sedrina, Selvino, Seriate, Sorisole, Spirano, Stezzano, Strozza, Taleggio, Telgate, Torre Boldone, Torre de’ Roveri, Torre Pallavicina, Treviolo, Ubiale Clanezzo, Urganò, Val Brembilla, Veduggio, Verdellino, Verdello, Villa d’Almè, Villa di Serio, Zanica, Zogno.</p> <p><b>Provincia di Brescia</b>  Palazzolo sull’Oglio, Pontoglio, Roccafranca, Rudiano, Urigo d’Oglio.</p> <p><b>Provincia di Como</b>  Argegno, Barni, Bellagio, Bene Lario, Blessagno, Brieno, Caglio, Carlazzo, Cavargna, Centro Valle Intelvi, Cerano d’Intelvi, Claino con Osteno, Colonno, Corrido, Crema, Cusino, Dizzasco, Garzeno, Grandola ed Uniti, Griante, Laino, Lasnigo, Magreglio, Menaggio, Pianello del Lario, Pigra, Plesio, Ponna, Porlezza, Sala Comacina, San Bartolomeo Val Cavargna, San Nazzaro Val Cavargna, San Siro, Schignano, Sormano, Tremezzina, Val Rezzo, Valsolda, Zelbio.</p> <p><b>Provincia di Cremona</b>  Camisano, Campagnola Cremasca, Capergnanica, Cappella Cantone, Casale Cremasco-Vidolasco, Casaletto di Sopra, Casaletto Vaprio, Castel Gabbiano, Castelleone, Credera Rubbiano, Crema, Cremosano, Cumignano sul Naviglio, Fiesco, Formigara, Genivolta, Gombito, Grumello Cremonese ed Uniti, Izano, Madignano, Montodine, Moscazzano, Offanengo, Pianengo, Pizzighettone, Ricengo, Ripalta Arpina, Ripalta Cremasca, Ripalta Guerinna, Romanengo, Salviola, San Bassano, Soncino, Soresina, Ticengo, Triglio.</p> <p><b>Provincia di Lecco</b>  Abbadia Lariana, Airuno, Ballabio, Barzio, Bellano, Calolziocorte, Carenno, Casargo, Cassina Valsassina, Cortenova, Crandola Valsassina, Cremona, Dervio, Erve, Esino Lario, Galbiate, Garlate, Introbio, Lecco, Lierna, Malgrate, Mandello del Lario, Margno, Moggio, Morterone, Olginate, Oliveto Lario, Parlasco, Pasturo, Perledo, Pescate, Primaluna, Taceno, Valgrehentino, Varenna, Vercurago.</p> <p><b>Provincia di Lodi</b>  Bertonico, Casalpusterlengo, Castelgerundo, Castiglione d’Adda, Codogno, Corno Giovine, Cornovecchio, Fombio, Guardamiglio, Maleo, Orio Litta, Ospedaletto Lodigiano, San Fiorano, San Rocco al Porto, Santo Stefano Lodigiano, Senna Lodigiana, Somaglia, Terranova dei Passerini.</p>
-----------------	------------------	--

		<p><b>Provincia di Pavia</b> Brallo di Pregola, Menconico, Monticelli Pavese, Romagnese, Santa Margherita di Staffora.</p>
		<p><b>Piemonte</b></p> <p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Alessandria</b> Acqui Terme, Albera Ligure, Alice Bel Colle, Arquata Scrivia, Basaluzzo, Bistagno, Borghetto di Borbera, Cabella Ligure, Cantalupo Ligure, Capriata d'Orba, Carezzano, Carpeneto, Carrega Ligure, Carrosio, Cassano Spinola, Cassine, Castellania Coppi, Castelletto d'Orba, Castelnuovo Bormida, Castelspina, Costa Vescovalo, Dernice, Fabbrica Curone, Francavilla Bisio, Frascaro, Fresonara, Gamalero, Garbagna, Gavi, Grondona, Mongiardino Ligure, Montacuto, Montaldeo, Montaldo Bormida, Morsasco, Novi Ligure, Orsara Bormida, Paderna, Parodi Ligure, Pasturana, Predosa, Ricaldone, Rivalta Bormida, Rocca Grimalda, Roccaforte Ligure, Rocchetta Ligure, San Cristoforo, San Sebastiano Curone, Sant'Agata Fossili, Sardigliano, Serravalle Scrivia, Sezzadio, Silvano d'Orba, Stazzano, Strevi, Tassarolo, Terzo, Trisobbio, Vignole Borbera, Villalvernia, Visone.</p> <p><b>Provincia di Asti</b> Aglia Terme, Albugnano, Antignano, Aramengo, Azzano d'Asti, Baldichieri d'Asti, Belveglio, Berzano di San Pietro, Bruno, Buttigiera d'Asti, Calamandrana, Calosso, Camerano Casasco, Canelli, Cantarana, Capriglio, Cassinasso, Castagnole delle Lanze, Castel Boglione, Castel Rocchero, Castellero, Castelletto Molina, Castelnuovo Belbo, Castelnuovo Calcea, Castelnuovo Don Bosco, Cellarengo, Celle Enomondo, Cerreto d'Asti, Cerro Tanaro, Cinaglio, Cisterna d'Asti, Coazzolo, Cocconato, Cortandone, Cortanze, Cortazzone, Cortiglione, Costigliole d'Asti, Cunico, Dusino San Michele, Ferrere, Fontanile, Incisa Scapaccino, Isola d'Asti, Maranzana, Mareto, Moasca, Mombaruzzo, Mombercelli, Monale, Moncucco Torinese, Mongardino, Montabone, Montafia, Montaldo Scarampi, Montechiaro d'Asti, Montegrosso d'Asti, Montiglio Monferrato, Moransengo, Nizza Monferrato, Passerano Marmorito, Piea, Pino d'Asti, Piovà Massaia, Quaranti, Revigliasso d'Asti, Roatto, Rocca d'Arazzo, Rocchetta Palafea, Rocchetta Tanaro, San Damiano d'Asti, San Martino Alfieri, San Marzano Oliveto, San Paolo Solbrito, Settime, Soglio, Tigliole, Tonengo, Vaglio Serra, Valfenera, Viale, Vigliano d'Asti, Villafranca d'Asti, Villanova d'Asti, Vinchio.</p> <p><b>Provincia di Cuneo</b> Barbaresco, Canale, Castagnito, Castellinaldo d'Alba, Castiglione Tinella, Govone, Guarene, Magliano Alfieri, Montà, Monteu Roero, Neive, Priocca, Santo Stefano Belbo, Santo Stefano Roero, Zezza d'Alba.</p> <p><b>Città metropolitana di Torino</b> Aglie, Alpignano, Andezeno, Arignano, Bairo, Balangero, Baldissero Canavese, Baldissero Torinese, Barbania, Beinasco, Borgaro Torinese, Borgiallo, Bosconero, Brosso, Busano, Cafasse, Cambiano, Canischio, Casalborgone, Caselle Torinese, Castagneto Po, Castellamonte, Castelnuovo Nigra, Chieri, Chiesanuova, Ciconio, Cintano, Cinzano, Ciriè, Collegno, Collettero Castelnuovo, Corio, Cuceglio, Cuorgnè, Druento, Favria, Feletto, Fiano, Forno Canavese, Frassineto, Front, Givoletto, Grosso, Grugliasco, Ingria, Isolabella, Issiglio, La Cassa, La Loggia, Lauriano, Levone, Lombardore, Lusigliè, Marentino, Mathi, Mombello di Torino, Moncalieri, Montaldo Torinese, Montalenghe, Moriondo Torinese, Nichelino, Nole, Oglanico, Orbassano, Ozegna, Pavarolo, Pecetto Torinese, Perosa Canavese, Pertusio, Pianezza, Pino Torinese, Poirino, Pont Canavese, Pralormo, Prascorsano, Pratiglione, Quagliuzzo, Riva presso Chieri, Rivalba, Rivalta di Torino, Rivara, Rivarolo Canavese, Rivarossa, Rivoli, Robassomero, Rocca</p>

		<p>Canavese, Ronco Canavese, Rueglio, Salassa, San Carlo Canavese, San Colombano Belmonte, San Francesco al Campo, San Gillio, San Giorgio Canavese, San Giusto Canavese, San Martino Canavese, San Maurizio Canavese, San Ponso, San Sebastiano da Po, Santena, Strambinello, Torino, Torre Canavese, Traversella, Trofarello, Val di Chy, Valchiusa, Vallo Torinese, Valperga, Valprato Soana, Varisella, Vauda Canavese, Venaria Reale, Vialfrè, Vidracco, Villanova Canavese, Vistrorio.</p> <p><b>Provincia del Verbano-Cusio-Ossola</b>  Antrona Schieranco, Aurano, Baceno, Bannio Anzino, Bognanco, Borgomezzavalle, Calasca-Castiglione, Cannobio, Caprezzo, Ceppo Morelli, Craveggia, Druogno, Formazza, Gurro, Intragna, Macugnaga, Malesco, Masera, Montecrestese, Montescheno, Pallanzeno, Piedimulera, Premia, Re, Santa Maria Maggiore, Toceno, Trarego Viggiona, Trasquera, Valle Cannobina, Vanzone con San Carlo, Varzo, Villadossola, Villetta.</p> <p><b>Provincia di Vercelli</b>  Alagna Valsesia, Alto Sermenza, Boccioleto, Campertogno, Carcoforo, Mollia.</p>
	<b>Emilia-Romagna</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Piacenza</b>  Agazzano, Bettola, Bobbio, Calendasco, Cerignale, Coli, Corte Brugnatella, Farini, Gazzola, Gossolengo, Gagnano Trebbiense, Ottone, Piacenza, Pianello Val Tidone, Piozzano, Podenzano, Ponte dell'Olio, Rivergaro, Rottofreno, Sarmato, Travo, Vigolzone, Zerba.</p>
	<b>Valle d'Aosta</b>	<p>Críoch iomlán na mbardas seo a leanas:</p> <p><b>Provincia di Aosta</b>  Allein, Antey-Saint-Andrè, Aosta, Arvier, Avise, Ayas, Aymavilles, Bard, Bionaz, Brusson, Challand-Saint-Anselme, Challand-Saint-Victor, Chambave, Chamois, Champdepraz, Champorcher, Charvensod, Châtillon, Cogne, Doues, Emarèse, Etroubles, Fénis, Fontainemore, Gaby, Gignod, Gressan, Gressoney-La-Trinitè, Gressoney-Saint-Jean, Hône, Introd, Issime, Issogne, Jovençon, La Magdeleine, Lillianes, Nus, Ollomont, Oyace, Perloz, Pont-Saint-Martin, Pontboset, Pontey, Rhêmes-Saint-Georges, Roisan, Saint-Denis, Saint-Marcel, Saint-Nicolas, Saint-Oyen, Saint-Pierre, Saint-Rhême-en-Bosses, Saint-Vincent, Sarre, Torgnon, Valpelline, Valsavarenche, Valtournenche, Verrayes, Villeneuve.</p>

## 2. An Phortaingéil

Uimhir/ainm an limistéir chríochaithe (DA)	Crios an DA	Réigiún
<b>1.</b>	<b>Crios inmhíolaithe</b>	<b>Oileáin na nAsór <sup>(1)</sup></b>

<sup>(1)</sup> Níl gá le Crios maolánach, mar is oileáin iad.

TEIMPLÉID CHUN TORTHAÍ NA SUIRBHÉANNA BLIANTÚLA ARNA NDÉANAMH DE BHUN AIRTEAGAL 7 A THUAIRSCIÚ

CUID A

1. Teimpléad chun torthaí suirbhéanna bliantúla a thuairisciú

Ainm		1. Tuairisc ar an Limistéar Críocheithe (LC)																	16. Nótaí	
Dáta bunafochra		2. Méid tosaigh an LC (ha)																		
		3. Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta																		
		4. Cur chuige (dfothú nó imshrianadh)																		
		5. An crios																		
Tuairisc		6. Láithreán suirbhéireacha																		
Uimhir		7. Limistéir riosca a saináithníodh																		
		8. Limistéir riosca a ndearnadh cigireacht orthu																		
		9. Ábhar plandaí/tráchtearra																		
		10. Liosa de na speicis plandaí óstacha																		
		11. Uainiú																		
		12. Sonraí an tsuirbhé																		
		A) An líon scrúduithe amhairc																		
		B) An líon iomlán samplaí a tógadh																		
		C) Na cineálacha gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líonta scuabtha))																		
		D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile)																		
		E) An líon láithreán gaisteoireachta, nuair nach ionann iad agus na sonraí a tuairiscíodh in (D)																		
		F) An cineál tástálacha (e.g. saináithint mhicreascópach, ISP, ELISA, etc.)																		
		G) An líon iomlán tástálacha																		
		H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, ladrainn, héileacaptair, feachtais ardaithe feasachta etc.)																		
		I) An líon beart eile																		
		A	B	C	D	E	F	G	H	I	13. An líon samplaí a raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Dearfach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				14. An líon samplaí nach raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Dearfach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				15. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715	
											i	ii	iii	iv	i	ii	iii	iv	Uimhir	Dáta

## 2. Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid B le líonadh isteach.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna agus is gá, de réir an líon LC in aghaidh na lotnaide agus de réir na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus an oiread rónna agus is gá á gcur isteach: Crios inmhiolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. Nuair is infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh cóngarach don CM, timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhéireachta agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgthe): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiceach: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Sonraigh cad iad na limistéir riosca a sainaitníodh ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide/na lotnaidí, láithreach plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca.

Le haghaidh cholún 8: Sonraigh na limistéir riosca a áirítear sa suirbhé, ó na limistéir riosca sin a shainithnítear i gcolún 7.

Le haghaidh cholún 9: Sonraigh plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmaid, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus sonraigh an cás sonrath.

Le haghaidh cholún 10: Sonraigh an liosta speiceas/géineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda.

Le haghaidh cholún 11: Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh an suirbhé.

Le haghaidh cholún 12: Tabhair sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrath i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme.

I gcás cholúin 13 agus 14: Sonraigh na torthaí, más infheidhme, agus soláthair an fhaisnéis atá ar fáil sna colúin chomhfhreagracha. Is éard is ‘neamhchinnitithe’ ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte – neamhshainitheanta, sean).

Le haghaidh cholún 15: Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an suirbhé i leith brath sa CM. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 16 (‘Nótaí’).

1. Teimpléad chun na torthaí a thuairiscíú ó shuirbhéanna bliantúla atá bunaithe ar staidreamh

Ainm		1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)	
	Dáta bunaithe		
		2. Méid tosaigh an LC (ha)	
		3. Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta	
		4. Ascnamb	
		5. An crios	
	Tuairisc	6. Láithreáin suirbhéireachta	
	Uimhir		
		7. Uaimiú	
	Speiceas óstach	8. Sprioc-phobal	
	Achar (ha nó aonad eile atá níos ábhartha)		
	Aonaid chigireachta	9. Aonaid eipidéimeolaíochta	
	Tuairisc		
	Aonaid	10. Modhanna braite	
	Scrúduithe amhairc		
	Gaisteoireacht		
	Tástáil		
	Modhanna eile		
		11. Éifeachtacht na samplála	
		12. Íogaireacht an mhodha	
	Toisc riosca	13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, suíomhanna agus limistéir)	
	Leibhéal riosca		
	An líon suíomhanna		
	Rioscaí coibhneasta		
	Cion an phobail óstaigh		
	14. An líon aonad eipidéimeolaíoch a ndearnadh cigireacht orthu		
	15. An líon scrúduithe amhairc		
	16. An líon samplaí		
	17. An líon gaistí		
	18. An líon láithreán gaisteoireachta		
	19. An líon tástálacha		
	20. An líon beart eile		
	Dearfach	21. Torthaí	
	Ditlúch		
	Neamhchinnithe		
	Uimhir	22. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715	
	Dáta		
	23. An Leibhéal muiníne a baineadh amach		
	24. Leitheadúlacht dearaidh		
	25. Nótaí		

## 2. Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach

Mínigh na toimhdí bunúsacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé de réir na lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

- an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta;
- an modh braite agus íogaireacht an mhodha;
- an toisc riosca nó na tosca riosca, agus sonraigh na leibhéal riosca agus rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shaináthint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna agus is gá, de réir an líon LC in aghaidh na lotnaide agus de réir na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus an oiread rónna agus is gá á gcur isteach: Crios inmhiolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh cóngarach don CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhéireachta agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgthe): 1.1 gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdíní príobháideacha; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiceach: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreáin príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreáin poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh na suirbhéanna.

Le haghaidh cholún 8: Sonraigh an spriocphobal a roghnaíodh agus soláthair dá réir liosta na speiceas/géineas agus an limistéar a cumhdaíodh. Sainmhíneáir an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. Is iondúil go sainítear a mhéid ina heicteáir i gcás limistéir talmhaíochta, ach d'fhéadfadh sé gur lota, páirceanna, tithe gloine etc. a bheadh i gceist. Sonraigh údar leis an rogha a dhéantar sna toimhdí bunúsacha. Sonraigh na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn 'aonad cigireachta' plandaí, codanna plandaí, tráchtarraí, ábhair, veicteoirí lotnaidí a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shaináthint agus a bhrath.

Le haghaidh cholún 9: Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, agus sonraigh tuairisc agus aonad tomhais na n-aonad sin. Ciallaíonn 'aonad eipidéimeolaíoch' limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mbeadh an lotnaid i láthair. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíocha, tá siad aonchineálach ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, agus tá planda óstach amháin ar a laghad iontu. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiún iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Ní mór údar a thabhairt sna toimhdí foluiteacha maidir le rogha na n-aonad eipidéimeolaíoch.

Le haghaidh cholún 10: Sonraigh na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, lena n-áirítear an líon gníomhaíochtaí i ngach cás, de réir na gceanglas dlíthiúil sonracha i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis i gcolún áirithe.

Le haghaidh cholún 11: Sonraigh meastachán ar éifeachtacht na samplála. Ciallaíonn éifeachtacht na samplála an dóchúlacht go roghnófaí codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é atá inti éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil nuair a bhíonn sé i láthair i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é atá inti an éifeachtacht lena roghnaítear sampla ithreach ina bhfuil an lotnaid nuair a bhíonn an lotnaid i láthair i limistéar an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 12: Ciallaíonn ‘íogaireacht an mhodha’ an dóchúlacht go mbraithfear láithreach lotnaide i gceart le modh ar leith. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht gur toradh deimhneach a bheidh ar tástáil ar óstach atá deimhneach i ndáiríre. Is é atá inti éifeachtacht na samplála (i.e. an dóchúlacht go roghnófar codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe) arna hiolrú faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arna saintréithiú tríd an gcigireacht amhairc agus/nó an tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).

Le haghaidh cholún 13: Sonraigh na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá. I gcás gach toisce riosca, sonraigh an leibhéal riosca agus an riosca coibhneasta comhfhreagrach agus cion an phobail óstaigh.

Le haghaidh cholún B: Tabhair sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonracha i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme. Bainneann an fhaisnéis atá le soláthar sna colúin seo leis an bhfaisnéis a áirítear i gcolún 10 ‘Modhanna braite’.

Le haghaidh cholún 18: Sonraigh an líon láithreán gaisteoireachta i gcás nach ionann an líon sin agus an líon gaistí (colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).

Le haghaidh cholún 21: Sonraigh an líon samplaí a fuarthas deimhneach, diúltach nó neamhchinntithe. Is éard is ‘neamhchinntithe’ ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte – neamhshainaitheanta, sean).

Le haghaidh cholún 22: Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an tsuirbhé. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 25 (‘Nótaí’).

Le haghaidh cholún 23: Sonraigh íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta (ISPM) 31. An leibhéal muiníne sin maidir le saoirse ó lotnaidí a bhaintear amach, déantar an luach sin a ríomh ar bhonn na scrúduithe (agus/nó ar na samplaí) a rinneadh i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus leitheadúlacht an dearaidh.

Le haghaidh cholún 24: Sonraigh leitheadúlacht an dearaidh ar bhonn meastachán réamhshuirbhé ar leitheadúlacht iarbhir dhóchúil na lotnaide sa ghort. Socraítear leitheadúlacht an dearaidh mar sprioc de chuid an tsuirbhé agus comhfhreagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca go mbeidh an lotnaid ann agus na hacmhainní atá ar fáil don tsuirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh tsuirbhé braite.



# CINNÍ

## CINNEADH Uimh. 253

### ***Bord Bainistíochta Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir le rialacha inmheánacha a bhaineann le srianta ar chearta áirithe ábhair sonraí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh [2023/1585]***

BORD BAINISTÍOCHTA GHNÍOMHAIREACHT IARNRÓID AN AONTAIS EORPAIGH

I dtaca leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 25 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 <sup>(2)</sup>;

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé de chumhacht ag an nGníomhaireacht fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta agus fionraí a dhéanamh, i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán ón gComhairle (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ('Rialacháin Foirne') <sup>(3)</sup>, agus le Cinneadh ón nGníomhaireacht an 8 Iúil 2022 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le seoladh fiosrúcháin riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta. Más riachtanach, tugann sí fógra faoi chásanna do OLAF freisin.
- (2) Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne na Gníomhaireachta gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a thuairisciú, lena n-áirítear calaois agus éilliú, a dhéanann dochar do leasanna an Aontais. Tá sé d'oibleagáid ar bhaill foirne freisin iompar a thuairisciú a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh ar iompar é a d'fhéadfadh a bheith ina mhainneachtain thromchúiseach oibleagáidí oifigigh an Aontais a chomhlíonadh. Rialaítear é sin le Cinneadh ón nGníomhaireacht an 15 Samhain 2018 maidir le rialacha inmheánacha a bhaineann le sceithreacht.
- (3) Tá beartas curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun cásanna iarbhír nó féideartha ciaptha shíceolaíoch nó gnéaschiaptha san ionad oibre a chosc agus chun déileáil leo go héifeachtach, mar a fhoráiltear le Cinneadh ERA-ED-690/2013 lena nglactar bearta cur chun feidhme de bhun na Rialacháin Foirne. Bunaítear leis an gCinneadh nós imeachta neamhfhoirmiúil trínar féidir le híospartach líomhnaithe an chiaptha teagmháil a dhéanamh le comhairleoirí 'rúnda' na Gníomhaireachta.
- (4) Is féidir leis an nGníomhaireacht imscrúduithe a dhéanamh freisin ar shárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar rialacha slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh ('FRAE'), bunaithe ar a Bheartas Faisnéise agus TF lena nglactar rialacha slándála chun FRAE a chosaint.
- (5) Tá an Gníomhaireacht faoi réir iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon maidir lena gníomhaíochtaí.
- (6) I gcomhthéacs na bhfiosrúcháin, na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe riaracháin sin, comhoibríonn an Gníomhaireacht le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

<sup>(1)</sup> IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

<sup>(2)</sup> IO L 138 26.5.2016, lch. 1, dá ngairtear an "Rialachán Gníomhaireachta" anseo feasta.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

- (7) Is féidir leis an nGníomhaireacht comhoibriú le húdaráis náisiúnta tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, arna iarraidh sin dóibh nó ar a tionscnamh féin.
- (8) Is féidir leis an nGníomhaireacht comhoibriú freisin le húdaráis phoiblí Bhallstáit an Aontais, arna iarraidh sin dóibh nó ar a tionscnamh féin.
- (9) Tá an Gníomhaireacht bainteach le cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nuair a tharchuireann sí ábhar don Chúirt, nuair a chosnaíonn sí cinneadh a rinne sí agus a ndearnadh agóid ina choinne os comhair na Cúirte, nó nuair a dhéanann sí idirghabháil i gcásanna a bhaineann lena cúraimí. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an nGníomhaireacht rúndacht sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a fhaigheann na páirtithe nó na hidirghabhálaithe a chaomhnú.
- (10) Chun a cúraimí a chomhlíonadh, bailíonn agus próiseálann an Gníomhaireacht faisnéis agus roinnt catagóirí sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí aitheantais daoine nádúrtha, faisnéis teagmhála, róil ghairmiúla agus cúraimí, faisnéis maidir le hiompar príobháideach agus gairmiúil agus feidhmíocht, agus sonraí airgeadais. Feidhmíonn an Gníomhaireacht mar rialaitheoir sonraí.
- (11) Faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ('an Rialachán'), tá sé d'oibleagáid ar an nGníomhaireacht, dá bhrí sin, faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sin agus a gcearta mar ábhair sonraí a urramú.
- (12) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an nGníomhaireacht na cearta sin a réiteach le cuspóirí fiosrúcháin riaracháin, iniúchtaí, imscrúduithe agus imeachtaí cúirte. D'fhéadfadh sé go mbeadh uirthi freisin cothromaíocht a bhaint amach idir cearta ábhair sonraí agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí eile. Chuige sin, tugann Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725 ('an Rialachán') an deis don nGníomhaireacht srian a chur, faoi choinníollacha dochta, ar fheidhmiú Airteagal 14 go 22, 35 agus 36 den Rialachán, chomh maith le hAirteagal 4 de sa mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 20. Mura ndéantar foráil maidir le srianta i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí, is gá rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina mbeidh an Gníomhaireacht i dteideal srian a chur leis na cearta sin.
- (13) Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an nGníomhaireacht srian a chur leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn sí d'ábhar sonraí faoi phróiseáil a s(h)onraí pearsanta le linn na réamhchéime measúnaithe d'fhiosrúcháin riaracháin nó le linn an fhiosrúcháin féin, sula bhféadfaí cás a dhíbhe nó ag an gcéim réamh-araíonachta. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go ndéanadh soláthar faisnéise den sórt sin difear tromchúiseach do chumas na Gníomhaireachta an fiosrúcháin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, aon uair, mar shampla, go bhféadfadh an duine lena mbaineann fianaise a scríosadh nó cur isteach ar fhinnéithe ionchasacha sula gcuirtear faoi agallamh iad. D'fhéadfadh sé freisin gur ghá don Gníomhaireacht cearta agus saoirsí finnéithe a chosaint chomh maith le cearta agus saoirsí daoine eile atá bainteach.
- (14) B'fhéidir gur ghá a anaithnídeacht a chosaint i gcás finné nó sceithire a d'iarr nach ndéanfaí é a aithint. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht cinneadh a dhéanamh srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile an duine sin, chun cearta agus saoirsí an duine sin a chosaint.
- (15) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach faisnéis rúnda a chosaint maidir le ball foirne a chuaigh i dteagmháil le comhairleoirí rúnda na Gníomhaireachta i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé gur ghá don Gníomhaireacht srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile an íospartaigh líomhnaithe, an té a ndearnadh líomhain an chiaptha ina éadan nó ina héadan agus daoine eile atá bainteach, chun cearta agus saoirsí gach duine lena mbaineann a chosaint.
- (16) Níor cheart don Gníomhaireacht srianta a chur i bhfeidhm ach amháin nuair a urramaítear leo bunús na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha, nuair atá siad fíor-riachtanach agus nuair atá siad ina mbeart comhréireach i sochaí dhaonlathach. Ba cheart don Gníomhaireacht cúiseanna a thabhairt ina mínítear an bonn cirt atá leis na srianta sin.
- (17) Agus prionsabal na cuntasachta á chur i bhfeidhm, ba cheart don Gníomhaireacht taifead a choimeád ar an gcur i bhfeidhm a dhéanann sí ar shrianta.
- (18) Agus sonraí pearsanta arna malartú le heagraíochtaí eile á bpróiseáil i gcomhthéacs a cúraimí, ba cheart don Gníomhaireacht agus do na heagraíochtaí sin dul i gcomhairle lena chéile faoi fhorais fhéideartha chun srianta a fhorchur agus faoi riachtanas agus comhréireacht na srianta sin, mura gcuirfí gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i mbaol dá bharr sin.

- (19) Cuireann Airteagal 25(6) den Rialachán d'oibleagáid ar an rialaitheoir na daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna a bhfuil cur chun feidhme an tsriain bunaithe orthu agus faoin gceart atá acu gearán a thaisceadh le MECS.
- (20) De bhun Airteagal 25(8) den Rialachán, tá an Ghníomhaireacht i dteideal soláthar faisnéis a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá le srian a chur i bhfeidhm i leith an ábhair sonraí dá gcuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal ar aon bhealach. Ba cheart don Ghníomhaireacht measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás an gcuirfeadh cumarsáid an tsriain a éifeacht ar ceal.
- (21) Ba cheart don Ghníomhaireacht srian a chur i leataobh a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha lena dtugtar bonn cirt leis an srian, agus na coinníollacha sin a mheas ar bhonn tráthrialta.
- (22) Chun an chosaint is fearr a thabhairt do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí agus i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Rialachán, ba cheart dul i gcomhairle le OCS roimh aon srianta a fhéadfar a chur i bhfeidhm agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an Cinneadh seo.
- (23) Foráiltear le hAirteagal 16(5) agus Airteagal 17(4) den Rialachán d'eisceachtaí ar cheart na n-ábhar sonraí chun faisnéise agus ceart rochtana. Má tá feidhm ag na heisceachtaí sin, ní gá don Ghníomhaireacht srian a chur i bhfeidhm faoin gCinneadh seo.

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos sa Chinneadh seo rialacha a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Ghníomhaireacht srian a chur i bhfeidhm Airteagail 4, 14 go 22, 35 agus 36, de bhun Airteagal 25 den Rialachán.
2. Déanann an Stiúrtóir Feidhmiúcháin ionadaíocht don Ghníomhaireacht ina cáil mar rialaitheoir.

#### *Airteagal 2*

### **Srianta**

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht srian a chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 22, 35 agus 36, agus le hAirteagal 4 den Rialachán a mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20:
  - (a) de bhun Airteagal 25(1) (b), (c), (f), (g) agus (h) den Rialachán, agus fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta nó fionraí á ndéanamh faoi Airteagal 86 agus Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus an Cinneadh Uimh. 297 ó Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta <sup>(\*)</sup>, agus nuair a chuirtear cásanna in iúl d'OLAF;
  - (b) de bhun Airteagal 25(1)(h) den Rialachán, agus á áirithiú go bhféadfaidh comhaltáí foirne na Gníomhaireachta fíorais a thuirisciú faoi rún i gcás ina gcreideann siad go bhfuil neamhrialtachtaí tromchúiseacha ann, mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 183 ó Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta maidir le sceithreacht <sup>(?)</sup> agus i gCinneadh Uimh. 8 maidir le himscrúduithe inmheánacha <sup>(°)</sup>;
  - (c) de bhun Airteagal 25(1)(h) den Rialachán, agus é á áirithiú go mbeidh baill foirne na Gníomhaireachta in ann tuairisciú do chomhairleoirí rúnda i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha, mar a shainítear sa Chinneadh ón nGníomhaireacht ERA-ED-690-2013 <sup>(?)</sup>;

<sup>(\*)</sup> Cinneadh Uimh. 297 ó Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le fiosrúcháin riaracháin agus imeachtaí araíonachta a dhéanamh an 8 Iúil 2022

<sup>(?)</sup> Cinneadh uimh.183 ó Bhord Bainistíochta Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir leis na treoirlínte maidir le sceithreacht an 15 Samhain 2018.

<sup>(°)</sup> Cinneadh Uimh.08 ó Bhord Riaracháin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaíocht, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a dhéanadh dochar do leasanna na gComhphobal a chosc an 17 Deireadh Fómhair 2006.

<sup>(?)</sup> Cinneadh Uimh. 690/2013 ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an mbeartas maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh sícolaíoch agus gnéaschiapadh a chosc.

- (d) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus iniúchtaí inmheánacha á ndéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí nó ranna na Gníomhaireachta;
- (e) de bhun Airteagal 25(1)(c), (d), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnadh á sholáthar aici d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais nó á fháil uathu nó ag comhoibriú leo i gcomhthéacs gníomhaíochtaí faoi phointí (a) go (d) den mhír seo agus de bhun comhaontuithe leibhéal seirbhíse, meabhráin tuisceana agus comhaontuithe comhair ábhartha;
- (f) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnadh á sholáthar aici d'údaráis náisiúnta tríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó á fháil uathu nó ag comhoibriú leis na húdaráis nó leis na heagraíochtaí sin arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnadh féin;
- (g) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnadh agus comhar á sholáthar nó á fháil aige d'údaráis phoiblí Bhallstáit AE agus uathu, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnadh féin;
- (h) de bhun Airteagal 25(1)(e) den Rialachán, agus sonraí pearsanta á bpróiseáil i ndoiciméid a fuair na páirtithe nó na hidirghabhálaithe i gcomhthéacs imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;
2. Urramóidh aon srian bunús na gceart agus na saoirsí bunúsacha agus beidh sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.
3. Déanfar tástáil ar riachtanas agus ar chomhréireacht ar bhonn cás ar chás sula gcuirfear srianta i bhfeidhm. Beidh srianta teoranta don mhéid is gá chun a gcuspóir a bhaint amach.
4. Chun críocha cuntasachta, dréachtóidh an Gníomhaireacht taifead ina ndéanfar cur síos ar na cúiseanna atá le srianta a chuirtear i bhfeidhm, ar na forais a bhfuil feidhm leo i measc na bhforas a liostaítear i mír 1 agus ar thoradh na tástála riachtanais agus comhréireachta. Beidh na taifid sin ina gcuid de chlár a chuirfear ar fáil ar iarratas do MECS. Ullmhóidh an Gníomhaireacht tuarascálacha tréimhsiúla maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 25 den Rialachán.
5. Agus sonraí pearsanta a fhaightear ó eagraíochtaí eile á bpróiseáil i gcomhthéacs a cúraimí, rachaidh an Gníomhaireacht i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin maidir le forais fhéideartha chun srianta a fhorchur agus le riachtanas agus comhréireacht na srianta lena mbaineann, mura gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i mbaol.

### Airteagal 3

#### **Rioscaí do chearta agus saoirsí daoine is ábhar do na sonraí**

1. Déanfar measúnuithe ar na rioscaí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí a bhaineann le srianta a fhorchur agus mionsonraí ar thréimhse chur i bhfeidhm na srianta sin a chlárú i dtaifead na ngníomhaíochtaí próiseála arna gcothabháil ag an nGníomhaireacht faoi Airteagal 31 den Rialachán. Déanfar iad a thaifeadadh freisin in aon mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí maidir leis na srianta sin arna ndéanamh faoi Airteagal 39 den Rialachán.
2. Aon uair a dhéanann an Gníomhaireacht measúnú ar riachtanas agus comhréireacht sriain, breithneoidh sí na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí.

### Airteagal 4

#### **Coimircí agus tréimhsí stórála**

1. Cuirfidh an Gníomhaireacht coimircí i bhfeidhm chun mí-úsáid agus rochtain neamhdhleathach nó aistriú neamhdhleathach na sonraí pearsanta a chosc a bhfuil feidhm ag srianta ina leith nó a bhféadfaí srianta a chur i bhfeidhm ina leith. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla agus eagraíochtaí de réir mar is gá i gcinntí inmheánacha, nósanna imeachta agus rialacha um chur i bhfeidhm de chuid EASA. Áireofar na nithe seo a leanas sna coimircí:
- (a) sainmhíniú soiléir ar ról, freagrachtaí agus céimeanna nós imeachta;
- (b) más iomchuí, timpeallacht leictreonach shlán lena gcoiscítear rochtain neamhdhleathach agus thimpisteach ar shonraí leictreonacha nó aistriú neamhdhleathach agus thimpisteach sonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe;

- (c) más iomchuí, stóráil agus próiseáil shlán ar dhoiciméid pháipéarbhunaithe;
  - (d) monatóireacht chuí ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil ar a gcur i bhfeidhm.
2. Déanfar na hathbhreithnithe dá dtagraítear i bpointe (d) gach sé mhí ar a laghad.
  3. Cuirfear srianta i leataobh a luaithe is nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis na cúinsí a thugann údar leo.
  4. Déanfar na sonraí pearsanta a choinneáil i gcomhréir leis na rialacha coinneála is infheidhme de chuid na Gníomhaireachta, atá le sonrú sna taifid cosanta sonraí a choimeádtar faoi Airteagal 31 den Rialachán. Ag deireadh na tréimhse coinneála, scriosfar na sonraí pearsanta, é sin nó déanfar iad a anaithnídiú nó a aistriú chuig cartlanna i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán.

#### Airteagal 5

### Cúraimí an Oifigh Cosanta Sonraí

1. Cuirfear OCS na Gníomhaireachta ar an eolas gan moill mhíchúí aon uair a chuirtear srian ar chearta ábhair sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Tabharfar rochtain dó nó di ar na taifid ghaolmhara agus ar aon doiciméad a bhaineann leis an gcomhthéacs fórasach nó dlíthiúil.
2. Féadfaidh OCS na Gníomhaireachta athbhreithniú a iarraidh ar chur chun feidhme sriain. Cuirfidh an Gníomhaireacht a OCS ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an athbhreithnithe.
3. Déanfaidh an Gníomhaireacht rannpháirtíocht OCS i gcur i bhfeidhm srianta a dhoiciméadú, lena n-áirítear an fhaisnéis a roinntear leis nó léi.

#### Airteagal 6

### Faisnéis d'ábhair sonraí maidir le srianta ar a gcearta

1. Cuirfidh an Gníomhaireacht mír leis na fógraí um chosaint sonraí a fhoilseofar ar a láithreán gréasáin agus/nó ar a hinlíon ina soláthrófar faisnéis ghinearálta d'ábhair sonraí maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí cearta na n-ábhar sonraí a shrianadh de bhun Airteagal 2(1). Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na cearta a fhéadfar a shrianadh, na forais ar a bhféadfar srianta a chur i bhfeidhm agus an tréimhse fhéideartha.
2. Cuirfidh an Gníomhaireacht ábhair sonraí ar an eolas ina n-aonar, i scríbhinn agus gan moill mhíchúí, ar shrianta leanúnacha nó ar shrianta ar a gcearta amach anseo. Cuirfidh an Gníomhaireacht an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, faoina c(h)heart chun dul i gcomhairle le OCS d'fhonn agóid a dhéanamh i gcoinne an tsriain agus a c(h)heart chun gearán a thaisceadh le MECS.
3. Féadfaidh an Gníomhaireacht soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna atá le srianadh agus an ceart chun gearán a thaisceadh le MECS a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar measúnú ar cibé an mbeadh nó nach mbeadh údar leis sin ar bhonn cás ar chás. A luaithe nach gcuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal a thuilleadh, cuirfidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis ar fáil don ábhar sonraí.

#### Airteagal 7

### Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás ina bhfuil an Gníomhaireacht faoi oibleagáid sárú sonraí a chur in iúl faoi Airteagal 35(1) den Rialachán, féadfaidh sí, in imthosca eisceachtúla, srian a chur leis an gcumarsáid sin go hiomlán nó go páirteach. Déanfaidh sí doiciméadú i nóta ar na cúiseanna atá leis an srianadh, ar an bhforas dlíthiúil atá leis faoi Airteagal 2 agus ar mheasúnú ar a riachtanas agus a chomhréireacht. Cuirfear an nóta in iúl do MECS tráth a thabharfar fógra faoin sárú ar shonraí pearsanta.
2. I gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna leis an srianadh, cuirfidh an Gníomhaireacht an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann agus cuirfidh sé nó sí na príomhchúiseanna leis an srianadh agus a cheart nó a ceart chun gearán a thaisceadh le MECS in iúl dó nó di.

*Airteagal 8***Rúndacht na cumarsáide leictreonaí**

1. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Ghníomhaireacht srian a chur leis an gceart chun rúndachta maidir le cumarsáid leictreonach faoi Airteagal 36 den Rialachán. Comhlíonfaidh na srianta sin Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>.
2. D'ainneoin Airteagal 6(3), i gcás ina gcuirfidh an Ghníomhaireacht srian leis an gceart chun rúndacht cumarsáide leictreonaí, cuirfidh sí an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas, ina fhreagra ar aon iarraidh ón ábhar sonraí, faoi na príomhchúiseanna le cur i bhfeidhm an tsriain agus faoin gceart atá aige gearán a thaisceadh le MECS.

*Airteagal 9***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Thar ceann an Bhoird Bainistíochta, an 17 Feabhra 2021.

*An Cathaoirleach*  
Clio LIÉGEOIS

---

<sup>(8)</sup> IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1586 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2023

maidir le caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, agus ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go gcomhlíonann sé na ceanglais bhunriachtanacha sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe den sórt sin.
- (2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) ('an Iarraidh') go ndéanfaí caighdeán chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeán sin i gcrích, ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (3) Ar bhonn na hIarrata sin, dhréachtaigh CEN agus Cenelec na caighdeán chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN 280-2:2022 maidir le riachtanais sábháilteachta bhreise maidir le fearais ardaithe ualaí ar an struchtúr ardaithe sínte agus an ardán oibre, EN ISO 8528-10:2022 maidir le torann aer-iompartha a thomhas a mhéid a bhaineann le hinneall inmheánach fhrithingeach dó, EN 12453:2017+A1:2021 maidir le riachtanais agus modhanna tástála a mhéid a bhaineann le doirse cumhachtoibrithe, EN 16517:2021 maidir le sábháilteacht a mhéid a bhaineann le trealamh lománaíochta soghluaiste chun adhmaid a leagan, EN 17003:2021 maidir le riachtanais sábháilteachta a mhéid a bhaineann le tástálaithe rollála coscán d'fheithiclí níos mó ná 3,5 tona GVW, EN 17088:2021 maidir le sábháilteacht a mhéid a bhaineann le córais aeraithe taobhchuiríní, EN 17281:2021 maidir le riachtanais sábháilteachta a mhéid a bhaineann le trealamh glantacháin feithiclí, EN 17348:2022 maidir le riachtanais le haghaidh dhearadh agus tástáil folúsghlantóirí atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, EN 17352:2022 maidir le riachtanais agus modhanna sábháilteachta a mhéid a bhaineann le trealamh rialaithe bealaí isteach coisithe cumhachtoibrithe, EN 17624:2022 maidir le teorainneacha pléascacha a chinneadh le haghaidh gáis agus gail faoi bhrú ard, faoi theocht ard nó le ocsaídeoirí seachas aer, EN ISO 18063-2:2021 maidir le modhanna tástála infheictheachta agus deimhniú na modhanna tástála sin a mhéid a bhaineann le trucaílí tír-raoin ghairbh rothlaithe a shroicheann airdí éagsúla, EN ISO 19085-15:2021 maidir le sábháilteacht fáisceán a mhéid a bhaineann le meaisíní adhmaadóireachta, EN ISO 19472-2:2022 maidir le castainní cúnaimh tarraingthe, EN ISO 22291:2022 maidir le riachtanais sábháilteachta le haghaidh innealra ábhar neamhfhite fliuch-leagtha, EN ISO 28927-13:2022 maidir le modhanna tástála le haghaidh astaíochtaí creatha a mheasúnú a mhéid a bhaineann le huirlisí sáite fáiscíní, EN IEC 60335-2-41:2021 le EN IEC 60335-2-41:2021/A11:2021 maidir le ceanglais sábháilteachta shonracha le haghaidh caidéal a mhéid a bhaineann le fearais tí agus fearais leictreacha chosúla, EN IEC 62841-3-5:2022 le EN IEC 62841-3-5:2022/A11:2022 maidir le riachtanais shainiúla le haghaidh crios-sábha iniompartha, EN IEC 62841-3-7:2021 le EN IEC 62841-3-7:2021/A11:2021 maidir le riachtanais shainiúla le

<sup>(1)</sup> IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

<sup>(2)</sup> IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

<sup>(3)</sup> Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1).

haghaidh sábhá balla iniompartha, EN IEC 62841-4-5:2021 le EN IEC 62841-4-5:2021/A11:2021 maidir le riachtanais sábháilteachta shainiúla le haghaidh deimheas féir, agus EN IEC 62841-4-7:2022 le EN IEC 62841-4-7:2022/A11:2022 ceanglais sábháilteachta shainiúla maidir le corraitheoirí agus aerthóirí faiche faoi rialú coisithe a shiúlann ar a gcúl.

- (4) Thairis sin, ar bhonn na hIarrata sin, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Teachtaireacht ón gCoimisiún 2018/C 092/01 <sup>(4)</sup>, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn sa teicneolaíocht: EN 280:2013+A1:2015, EN 303-5:2021, EN 415-3:1999+A1:2009, EN 474-1:2006+A6:2019, EN 474-2:2006+A1:2008, EN 474-3:2006+A1:2009, EN 474-4:2006+A2:2012, EN 474-5:2006+A3:2013, EN 474-6:2006+A1:2009, EN 474-7:2006+A1:2009, EN 474-8:2006+A1:2009, EN 474-9:2006+A1:2009, EN 474-10:2006+A1:2009, EN 474-11:2006+A1:2008, EN 474-12:2006+A1:2008, EN 500-4:2011, EN 528:2008, EN 619:2002+A1:2010, EN 620:2002+A1:2010, EN 703:2004+A1:2009, EN 710:1997+A1:2010 le EN 710:1997+A1:2010/AC:2012, EN 746-3:1997+A1:2009, EN 1034-4:2005+A1:2009, EN 1807-1:2013, EN ISO 3691-6:2015 le EN ISO 3691-6:2015/AC:2016, EN ISO 4254-1:2015, EN ISO 4254-6:2009 le EN ISO 4254-6:2009/AC:2010, EN ISO 11850:2011 le EN ISO 11850:2011/A1:2016, EN ISO 11680-1:2011, EN ISO 11680-2:2011, EN ISO 11681-1:2011, EN ISO 11681-2:2011 le EN ISO 11681-2:2011/A1:2017, EN 12012-4:2006+A1:2008, EN 12158-1:2000+A1:2010, EN 12331:2003+A2:2010, EN 12355:2003+A1:2010, EN 12418:2000+A1:2009, EN 12750:2013, EN 13001-3-5:2016, EN 13019:2001+A1:2008, EN 13021:2003+A1:2008, EN 13524:2003+A2:2014, EN 13617-1:2012, EN 13732:2013, EN 13862:2001+A1:2009, EN 13870:2015, EN 13885:2005+A1:2010, EN 15163:2008, EN 15967:2011, EN 16228-1:2014, EN 16228-2:2014, EN 16228-3:2014, EN 16228-4:2014, EN 16228-5:2014, EN 16228-6:2014, EN 16228-7:2014, EN ISO 18217:2015, EN ISO 19085-2:2017, EN ISO 19085-3:2017, EN ISO 22867:2011, EN ISO 28881:2013 le EN ISO 28881:2013/AC:2013, EN ISO 28927-1:2009 le EN ISO 28927-1:2009/A1:2017, EN 60335-2-77:2010, EN 60335-2-89:2010 le EN 60335-2-89:2010/A1:2016 agus EN 60335-2-89:2010/A2:2017, EN 62841-1:2015 le EN 62841-1:2015/AC:2015, chomh maith le EN 60745-2-3:2011 le EN 60745-2-3:2011/A11:2014 agus EN 60745-2-3:2011/A12:2014 agus EN 60745-2-3:2011/A13:2015 agus EN 60745-2-3:2011/A2:2013.
